



An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9651/22

AGRI 219
AGRILEG 88
FOOD 37
SAN 323
PHYTOSAN 22
VETER 51
ENV 514
CLIMA 245
CODEX 10
WTO 102
RELEX 711

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	3 Meitheamh 2022
chuig:	Ardrúnaíocht na Comhairle
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 226 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Cur i bhfeidhm chaighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais maidir le táirgí talmhaíochta agus agraibhia

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 226 final.

Faoi iamh: COM(2022) 226 final



An Bhruiséil, 3.6.2022
COM(2022) 226 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Cur i bhfeidhm chaighdeán sláinte agus chomhshaoil an Aontais maidir le táirgí
talmhaíochta agus agraibhia**

1. RÉAMHRÁ

I mí Iúil 2021, le linn na gcaibidlíochtaí maidir leis an athchóiriú ar an gComhbheartas Talmhaíochta, thug Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Parlaimint na hEorpa cuireadh don Choimisiún Eorpach cur i láthair a dhéanamh maidir léi seo a leanas:

tuarascáil ina bhfuil measúnú ar an réasúnaíocht agus ar an bhféidearthacht dhlíthiúil a bhaineann le caighdeáin sláinte agus chomhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm (lena n-áirítear caighdeáin leasa ainmhithe chomh maith le modhanna próiseála agus táirgthe) ar tháirgí talmhaíochta agus agraibhia allmhairithe agus na tionscnaimh choincréiteacha a shainnithint chun comhsheasmhacht níos fearr a áirithiú maidir lena gcur i bhfeidhm, i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Ba cheart na réimsí beartais phoiblí ábhartha uile a chumhdach sa tuarascáil seo, lena n-áirítear an Comhbheartas Talmhaíochta, an Beartas Sláinte agus Sábháilteachta Bia, an beartas comhshaoil agus an Comhbheartas Tráchtála, agus beartais eile nach iad¹.

Freastalaítear ar an éileamh sin sa Tuarascáil seo. Sainnithnítear inti na gníomhaíochtaí atá á nglacadh ag an Aontas Eorpach cheana féin ar leibhéal iltaobhacha agus déthaobhacha, ach go neamhspleách freisin, chun aghaidh a thabhairt ar ábhar inní maidir leis an gcomhshaoil ar fud an domhain nó ar ionchais na saoránach maidir le táirgí talmhaíochta nó agraibhia allmhairithe, agus díritear sa tuarascáil ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán sláinte agus comhshaoil (lena n-áirítear leas ainmhithe) ar tháirgí allmhairithe agus na dúshláin a bhaineann le caighdeáin den sórt sin a chur i bhfeidhm.

Bhí comhairliúchán poiblí², tráth a chuir níos mó ná 160 páirtí leasmhar a gcuid barúlacha isteach, an díospóireacht bheartais sa Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí Feabhra 2022 chomh maith le Rún Parlaimint na hEorpa maidir leis an Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc³ mar bhonn eolais ag an Tuarascáil.

1.1. An gá atá le claochlú domhanda ar chórais bhia inbhuanaithe

Ó lár na 1990idí, ó glacadh mórchoinbhinsiúin chomhshaoil⁴, tá forbairt mhór tagtha ar an eolas maidir leis an tionchar domhanda a bhíonn ag na córais bhia nua-aimseartha ar an gcomhshaoil, agus as sin tagann ábhar inní sochaíoch agus eiticíúil níos láidre freisin maidir leis an gcaoi a dtáirgtear agus a n-ídítear bia. Tá gá freisin leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe nach bhfuil ag brath chomh mór ar bhreoslaí iontaise ar an leibhéal domhanda.

As córais bhia a eascraíonn aon cheathrú de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa bliantúla ar fud an domhain⁵ agus tá siad ar an bpríomhrud a spreagann cailteanas bithéagsúlachta⁶.

¹ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-10991-2021-ADD-1/en/pdf>

² https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13371-Imports-of-agricultural-and-food-products-applying-EU-health-and-environmental-standards-report_en

³ Rún ó Parlaimint na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaoil (2020/2260(INI)).

⁴ Go háirithe Creat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac.

⁵ IPCC (2020), *Climate Change and Land: an IPCC special report on climate change, desertification, land degradation, sustainable land management, food security, and greenhouse gas fluxes in terrestrial ecosystems* [Athrú Aeráide agus Talamh: Tuarascáil speisialta IPCC maidir leis an athrú aeráide, gaineamhlú, bainistíocht talún inbhuanaithe, slándáil bia, agus sreabhadh gáis ceaptha teasa in éiceachórais ar talamh].

Tarlaíonn beagnach 90 % den dífhoraísiú domhanda mar gheall ar fhairsingiú na talún a úsáidtear i gcomhair na talmhaíochta, rud a raibh tionchar níos mó aige ná mar a ceapadh roimhe seo⁷. As sin, fágann an t- athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil nach bhfuil na córais bhia dhomhanda chomh hathléimneach sin agus go bhfuil siad níos neamhchosanta ar mhórdhúshláin amhail ganntanas uisce, díghrádú talún agus teagmhais adhaimsire, rud lena mbaintear an bonn tuilleadh den tslándáil bia agus lena méadaítear an riosca maidir le galair zónóiseacha⁸.

Tá ocras ar bheagnach duine as gach triúr ar fud na cruinne sa lá atá inniu ann, nó níl fáil rialta acu ar bhia cothaitheach agus leordhóthanach⁹. An tráth céanna, tá beagnach 40 % den daonra fásta ar fud an domhain róthrom¹⁰. San Aontas Eorpach, tá aistí bia mífholláine ina gcúis ollmhór le galair agus bás anabai¹¹.

Tá dlúthcheangal idir sláinte daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil agus léirítear é sin sa chur chuige Aon Sláinte Amháin, arna shainiú mar ‘chur chuige comhtháite, aontaitheach arb é is aidhm dó sláinte daoine, ainmhithe agus éiceachóras a chothromú agus a bharrfheabhsú go hinbhuanaithe’¹². Aithnítear an cur chuige Aon Sláinte Amháin i dtiomantais agus i ndearbhuithe domhanda, amhail Dearbhú Polaitiúil na Náisiún Aontaithe maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhair Fhrithmhíocróbacha¹³, Rún 3/4 de chuid Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe ar an gcomhshaoil agus sláinte¹⁴, rún Chomhthionól Domhanda Sláinte na Náisiún Aontaithe maidir le hiarrachtaí ar shábháilteacht bia a neartú¹⁵,

⁶ IPBES (2019), [Summary for policymakers of the global assessment report on biodiversity and ecosystem services of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services \[Achoimre le haghaidh lucht ceaptha beartas na tuarascála measúnúcháin domhanda ar sheirbhísí bithéagsúlachta agus éiceachórais de chuid an Ardáin Idir- rialtasaigh maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais\]](#), pointe B1 ar lch. 12. Féach freisin e.g. Benton, T. G., Bieg, C., Harwatt, H., Pudasaini, R. agus L. Wellesley (2021), [Food system impacts on biodiversity loss: three levers for food system transformation in support of nature](#) [Tionchair an chórais bia ar chaillteanas bithéagsúlachta: trí sheift le haghaidh chlaochlú an chórais bia mar thaca don dúlra]. Páipéar taighde Chatham House. Londain; Rúnaíocht an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht (2020), [Global Biodiversity Outlook 5](#), Montréal, lch. 64.

⁷ FAO (2021), *COP26: Agricultural expansion drives almost 90 percent of global deforestation [COP26: Is í an fhorbairt talmhaíochta is cúis le beagnach 90 faoin gcéad den dífhoraísiú domhanda.]* *FAO Remote Sensing Survey findings* [Torthaí Shuirbhé Cianbhraiteachta FAO] (<https://www.fao.org/newsroom/detail/cop26-agricultural-expansion-drives-almost-90-percent-of-global-deforestation/en>).

⁸ Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus an Institiúid Idirnáisiúnta um Thaighde Beostoic (2020), [Preventing the Next Pandemic: Zoonotic diseases and how to break the chain of transmission \[An Chéad Phaindéim Eile a Chosc: Galair zónóiseacha agus conas an slabhra tarchuir a bhriseadh\]](#), Nairobi.

⁹ FAO, IFAD, UNICEF, WFP agus EDS (2021), *The State of Food Security and Nutrition in the World 2021. Transforming food systems for affordable healthy diets* [Staid na Slándála Bia agus an Chothaithe sa Domhan, 2021. Córais bhia a chlaochlú le haghaidh aistí bia folláine agus inacmhainne] (<https://www.fao.org/3/cb4474en/online/cb4474en.html>).

¹⁰ EDS (2021), *Fact sheets: Obesity and overweight* [Bileoga fíricí: Murtall agus róthrom] (<https://www.who.int/news-room/fact-sheets/detail/obesity-and-overweight>).

¹¹ https://knowledge4policy.ec.europa.eu/health-promotion-knowledge-gateway/eu-burden-non-communicable-diseases-key-risk-factors_en

¹² EDS (2021), *Tripartite and UNEP support OHHLEP's definition of 'One Health'* [Tacaíocht thrípháirteach agus UNEP le Sainmhíniú OHHLEP ar 'Aon Sláinte Amháin'] (<https://www.who.int/news/item/01-12-2021-tripartite-and-unep-support-ohhlep-s-definition-of-one-health>).

¹³ <https://digitallibrary.un.org/record/845917?ln=en>

¹⁴ https://wedocs.unep.org/bitstream/handle/20.500.11822/30795/UNEA3_4EN.pdf?sequence=1&isAllowed=y

¹⁵ https://apps.who.int/gb/ebwha/pdf_files/WHA73/A73_R5-en.pdf

agus Rún 5/11 de chuid Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le bithéagsúlacht agus sláinte¹⁶.

Chruthaigh Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe ar Chórais Bhia i mí Mheán Fómhair 2021 comhthoil leathan dhomhanda go bhfuil an t- aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe agus athléimneacha fíor- riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar ár ngéarchéim phláinéadach agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile a bhaint amach agus cruthaíodh móiminteam le haghaidh athrú domhanda a bhfuil géarghá leis. Tá a mbealaí náisiúnta curtha i láthair ag go leor tíortha chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht na talmhaíochta agus an bhia¹⁷.

Mar an gcéanna, sa dearbhú arna ghlacadh ag ceannairí G20¹⁸ sa Róimh i mí Dheireadh Fómhair 2021 ‘trí chórais bhia inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n- áirítear trí shlabhraí luacha bia domhanda, réigiúnacha agus áitiúla agus an trádáil bhia idirnáisiúnta a neartú, aithnítear ann nach amháin go rannchuideoidh sé leis an tslándáil bia ach rannchuideoidh sé go mór freisin chun dul i ngleic leis na dúshláin dhomhanda a bhaineann leis an athrú aeráide agus cailleanas bithéagsúlachta a bhfuil dlúthcheangal acu le chéile’¹⁹.

1.2. Straitéis an Aontais le haghaidh córais bhia inbhuanaithe

Cuireadh cosán an Aontais Eorpaigh i dtreo córais bhia inbhuanaithe chun cinn sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc (F2F)²⁰ a foilsíodh in éineacht leis an Straitéis Bithéagsúlachta²¹ i mí na Bealtaine 2020 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip²². Leagtar amach clár oibre i Straitéis F2F le haghaidh córas bia cothrom, sláintiúil atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil lena n- éilítear iarrachtaí na ngníomhaithe uile, lena n- áirítear tomhaltóirí, chun dul in oiriúint do na caighdeáin nua sláinte, chomhshaoil agus leasa ainmhithe atá níos déine. Ba cheart go dtiocfadh inbhuanaitheacht mhéadaithe ón gclaoclú, rud a chaomhnóidh agus a

¹⁶ https://www.unep.org/environmentassembly/unea-5.2/proceedings-report-ministerial-declaration-resolutions-and-decisions-unea-5.2?%2Fproceedings-report-ministerial-declaration-resolutions-and-decisions-unea-5_2

¹⁷ Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe ar Chórais Bhia (2021), *Member State Dialogue Convenors and Pathways – Food Systems Summit Dialogues* [Tionólaithe agus Bealaí Idirphlé na mBallstát – Idirphlé ó Chruinniú Mullaigh ar Chórais Bhia] (https://summitdialogues.org/overview/member-state-food-systems-summit-dialogues/convenors/?_se=ZWxlbmFhdmVyeUB5YWhvby5jby51aw%3D%3D&utm_campaign=Food).

¹⁸ Tá comhaltaí G20 ag gabháil do thart ar 80 % den trádáil dhomhanda in earraí talmhaíochta agus thart ar 60 % de thalamh talmhaíochta an domhain.

¹⁹ <https://www.consilium.europa.eu/media/52730/g20-leaders-declaration-final.pdf>

²⁰ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions. A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaoil]. COM(2020)381 final.

²¹ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions. Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030. Bringing nature back to our lives.* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030. An dúlra a thabhairt ar ais inár saol]. COM(2020)380 final.

²² *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions. The European Green Deal* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. An Comhaontú Glas don Eoraip]. COM(2019)640 final.

fheabhsóidh an bhithéagsúlacht agus a chuirfidh córais feirmeoireachta atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht chun cinn.

Ceapadh an Comhbheartas nua Talmhaíochta mar threoir agus mar thaca d'fheirmeoirí na hEorpa – lena n- áirítear feirmeoirí beaga – chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht chomhshaoil agus aeráide trí shamhail atá níos dírithe ar thorthaí.

Is saincheist dhomhanda í inbhuanaitheacht na gcóras bia agus ní féidir leis an Aontas ag gníomhú dó as féin aghaidh a thabhairt go rathúil ar na bagairtí domhanda a bhaineann leis an gcaoi a dtáirgtear agus a n- ídítear bia. Leagtar amach i Straitéis F2F uailmhian an Aontais a bheith mar cheannaire domhanda maidir le hinbhuanaitheacht an bhia trína chomhar idirnáisiúnta ar thaighde agus nuálaíocht bhia, trí chomhpháirtíochtaí a thógáil, trí chaighdeáin a chur chun cinn trína dtacaítear le cleachtais inbhuanaithe ar leibhéal idirnáisiúnta agus trína bheartais trádála agus forbartha.

1.3. An tAontas Eorpach mar ghníomhaí domhanda

Is é an tAontas Eorpach an t- onnmhaireoir is mó ar domhan agus an tríú hallmhaireoir is mó de tháirgí agraibhia, lena n- áirítear an dobharshaothrú²³. Is táirgí nach dtáirgtear go himmheánach den chuid is mó a allmhairítear isteach san Aontas (e.g. caifé, tae, ola phailme, torthaí trópaiceacha), táirgí a tháirgtear nuair nach bhfuil siad i séasúr, nó táirgí a bhfuil a dtáirgeacht teoranta nó nach leor í chun freastal ar éileamh (e.g. planda pónairí soighe agus min pónaire soighe). Cumhdaíonn onnmhairí an Aontais an raon iomlán táirgí ó thráchtarraí amhail púdar bainne, muiceoil agus arbhair go dtí táirgí ard- bhreisluacha amhail fionta agus biotáillí, olaí olóige nó cáiseanna, rud lena gcruthaítear barrachas láidir trádála²⁴.

Mar ghníomhaí tábhachtach ar na margáí bia idirnáisiúnta, bíonn tionchar suntasach ag an Aontas ar thríú tíortha (nach Ballstáit den Aontas iad) trína bheartas trádála agus trína chumas tionchar a imirt ar fhorbairt rialachán agus caighdeán a bhfuil tábhacht dhomhanda leo. Is féidir beartas trádála an Aontais a úsáid – in éineacht le huirlisí eile, amhail beartas an Aontais um chur chun cinn agraibhia – chun feasacht a mhéadú maidir le caighdeáin arda tháirgí agraibhia an Aontais lasmuigh den Aontas agus chun an t- aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe go domhanda a chur chun cinn i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Oibríonn an Coimisiún i gcomhpháirt freisin leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí ar ghníomhaíochtaí for- rochtana maidir le córais bhia inbhuanaithe.

Dá réir sin, tá an bealach leagtha amach leis an Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála ó mhí Feabhra 2021²⁵ le haghaidh beartas trádála oscailte, inbhuanaithe agus teanntásach a bheidh in ann an t- athrú domhanda a mhúnlú níos fearr agus a léireoidh leasanna agus luachanna straitéiseacha an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála. Tá an t- athrú aeráide agus an díghrádú comhshaoil a chomhrac ar na tosaíochtaí is

²³ An Coimisiún Eorpach (2021), *Agri-food trade in 2020: Report* [Trádáil Agraibhia in 2020: Tuarascáil].

²⁴ In 2020, ghin trádáil agraibhia i 27 mBallstát an Aontais barrachas trádála de EUR 62 bhiliún atá coibhéiseach le 28,5 % de bharrachas trádála iomlán na 27 mBallstát san Aontas (féach nóta 23).

²⁵ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions. Trade Policy Review – An Open, Sustainable and Assertive Trade Policy* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – Beartas Trádála Oscailte, Inbhuanaithe agus Teanntásach]. COM(2021)66 final.

mó atá ag an Aontas Eorpach. Teastóidh gníomhaíocht ar gach leibhéal chun an fhís sin a bhaint amach i ndáiríre.

Ina theannta sin, tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit tiomanta do chomhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt. Tríd an gcomhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt, féachann sé le cuspóirí forbartha a áireamh i mbeartais ar dóigh go mbeidh tionchar acu ar thíortha i mbéal forbartha. Is é is aidhm don chomhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt contrárthachtaí a íoslaghdú agus sineirgí a thógáil idir beartais éagsúla de chuid an Aontais agus chun éifeachtacht an chomhair forbartha a mhéadú, ar mhaithe le tíortha comhpháirtíochta. Ó tugadh isteach é i ndlí an Aontais le Conradh Maastricht (1992), d’athdheimhnigh an Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le Forbairt²⁶ tiomantas an Aontais maidir le comhtháthú beartais ar mhaithe le forbairt agus aithníodh é mar ghné ríthábhachtach den straitéis chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach i dtíortha comhpháirtíochta.

An tráth céanna, ní hamháin go bhfuil an tAontas ag brath ar thrádáil mar asraon agus mar fhoinse iomaíochais dá thionscal bia ach tá sé ag brath air freisin mar bhealach chun éagsúlacht an tsoláthair bia a áirithiú. Mar a shainnítear sa Teachtaireacht maidir le slándáil bia²⁷, léiríodh le hionradh na Rúise ar an Úcráin easnaimh as a dtagann rioscaí don chóras slándála bia domhanda; ba cheart aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin ar bhealaí lena gcuirtear leis an aistriú i dtreo córais bhia inbhuanaithe, athléimneacha agus cothroma san Aontas Eorpach agus go domhanda.

2. COMHLÍONTAIGHT LE CAIGHDEÁIN AN AONTAIS EORPAIGH

2.1. Caighdeáin sláinte

Tá córas láidir sláintíochta agus fiteashláintíochta i bhfeidhm ag an Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonann an bia uile a chuirtear ar mhargadh an Aontais an ceanglas maidir le hardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus chun leathadh lotnaidí nó galar i measc plandaí agus ainmhithe a chosc. Ní mór do na hallmhairí agraibhia uile ceanglais sláintíochta agus fiteashláintíochta an Aontais, nó na coinniollacha arna n- aithint ag an Aontas a bheith coibhéiseach ar a laghad leo, a chomhlíonadh²⁸. Tá na rialacha bunaithe ar fhianaise eolaíoch

²⁶ [The new European consensus on development 'our World, our Dignity, our Future': joint statement by the Council and the representatives of the governments of the Member States meeting within the Council, the European Parliament, and the European Commission \[An Comhdhearcadh nua Eorpach maidir le forbairt ar 'ár nDomhan, ár nDíne, ár dTodhchaí': comhráiteas ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais chruinniú na mBallstát laistigh den Chomhairle, de Pharlaimint na hEorpa, agus den Choimisiún Eorpach](#), Oifig na bhFoilseachán, 2018.

²⁷ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: An tSlándáil bia a choimirciú agus athléimneacht na gcóras bia a neartú. COM(2022)133 final.

²⁸ Maidir le sábháilteacht bia, tá an ceanglas sin le fáil in Airt. 11 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia ('Dlí Ginearálta an Bhia', IO L 031, 1.2.2002, lch. 1) ina luaitear '[b]ia agus beatha a allmhairítear isteach sa Chomhphobal lena gcur ar an margadh laistigh den Chomhphobal, comhlíonfaidh siad na ceanglais ábhartha de dhlí an bhia nó na coinniollacha arna n- aithint ag an gComhphobal a bheith coibhéiseach ar a laghad leo nó, i gcás gurb ann do chomhaontú sonrath idir an Chomhphobal agus an tír is onnmhaireoir, comhlíonfaidh siad na ceanglais atá iontu sin'. Is 'scáth' é Dlí Ginearálta an Bhia ina gcumhdaítear gach gné bhunúsach den bheartas sábháilteachta bia agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach beart a bhaineann le bia nó le beatha a chuirtear ar mhargadh an Aontais,

agus cuirtear caighdeáin idirnáisiúnta san áireamh go hiomchuí le linn an phróisis mionsaothraithe.

Déantar comhlíontacht ainmhithe, plandaí nó táirgí a thagann isteach san Aontas Eorpach ó thríú tíortha le caighdeáin agus le ceanglais ábhartha an Aontais a fhíorú trí chórais éifeachtacha rialaithe arna gcur chun feidhme ag na húdaráis inniúla i mBallstáit an Aontais, i gcomhar le húdaráis chustaim náisiúnta. Tá ceanglais maidir le hallmhairiú agus an córas rialaithe bunaithe ar riosca, rud a chiallaíonn go gcuirtear raon feidhme agus déine na rialuithe in oiriúint don riosca a chruthaíonn ainmhithe, plandaí nó táirgí áirithe. Bíonn cineál na rialuithe ag brath ar chineál na dtáirgí agus na rioscaí atá bainteach leo (e.g. bia de bhunadh ainmhíoch nó nach mbaineann le hainmhithe), ag cur fianaise eolaíoch san áireamh, chomh maith le foinsí éagsúla faisnéise maidir le neamhchomhlíonadh, amhail teagmhais bhia, ráigeanna de ghalair ainmhithe nó lotnaidí plandaí, torthaí na seiceálacha teorann agus faisnéis a fhaightear ó thríú tíortha.

Ina theannta sin, mar chuid den sásra comhlíontachta, tugann an Coimisiún faoi rialuithe, lena n-áirítear iniúchtaí, de réir clár oibre bliantúil a fhoilsítear chun a fhíorú go gcomhlíonann na húdaráis inniúla i mBallstáit an Aontais agus i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhíonn ag onnmhairiú chuig an Aontas a n-oibleagáidí dlíthiúla. Díríonn rialuithe an Choimisiúin ar chórais rialaithe in ionad díriú ar áitreabh aonair.

Ní bhaineann ábhair inní sláinte poiblí i ndáil le táirgeacht agraibhia, áfach, le ceanglais sláintíochta agus fiteashláintíochta amháin. Rialachán 2019/6 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta (Rialachán VMP)²⁹, a bhfuil feidhm leis ó mhí Eanáir 2022, ina bhforáiltear do raon leathan beart coincreiteach chun frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac. Ní hamháin gur féidir le horgánaigh atá frithsheasmhach in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbaigh leathadh ó bhia de bhunadh ainmhíoch, is féidir leo leathadh freisin ó dhuine go duine nó idir daoine agus ainmhithe. Tacófar leis na bearta lena gcuirtear chun cinn úsáid níos stuama agus níos freagraí frithmhiocróbach in ainmhithe le baint amach an chuspóra i Straitéis F2F chun díolacháin iomlána frithmhiocróbach le haghaidh ainmhithe feirme agus sa do Bharshaothrú san Aontas a laghdú 50 % faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, leagfar síos ceanglais nua ar bhonn Airteagal 118 den Rialachán maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta i ndáil le húsáid frithmhiocróbach in ainmhithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch atá ceaptha lena n-allmhairiú isteach san Aontas. Go háirithe, ní féidir iad sin a chóireáil le frithmhiocróbacha chun críoch fás a spreagadh nó torthaí a mhéadú nó le frithmhiocróbacha atá ainmnithe san Aontas mar chinn atá forchoimeáda chun cóir leighis a chur ar ionfhabhtuithe áirithe i ndaoine.

2.2. Caighdeáin chomhshaoil agus leasa ainmhithe

Gach allmhaire bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais, ní mór dóibh caighdeáin ábhartha an Aontais a bhaineann leis na táirgí deiridh a chomhlíonadh, caighdeáin is infheidhme gan beann ar cé acu a tháirgtear nó nach dtáirgtear an táirge go himmheánach nó cé acu a allmhairítear é. Ceanglais maidir leis an gcaoi a dtáirgtear táirgí (dá dtagraítear mar ‘mhodhanna próiseála agus táirgthe’ – PPManna), ní fhorchuirtear iad áfach ar tháirgí

agus gan ach táirgeadh príomhúil le haghaidh úsáid phríobháideach sa bhaile á fhágáil lasmuigh dá raon feidhme.

²⁹ Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta, IO L 4, 7.1.2019, lch. 43.

allmhairithe. Níl aon fhoráil ghinearálta (chothrománach) i ndlí an Aontais faoi láthair ina dtagraítear do cheanglais chomhshaoil nó – ar bhonn níos ginearálta – do cheanglais inbhuanaitheachta is infheidhme maidir le táirgí bia intíre nó allmhairithe.

Bíonn feidhm go minic le rialacháin PPM sa réimse a bhaineann le cosaint an chomhshaoil nó le leas ainmhithe, áit nach bhfuil bearta chun teorainn a chur leis an tionchar comhshaoil nó chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní eiticiúla nasctha leis an táirge deiridh féin, ach le táirgeadh an táirge sin. Dá bhrí sin, má tá feidhm ag caighdeáin den sórt sin maidir le hallmhairí, ‘rialaitear’ leo *de facto* an próiseas táirgthe ar an gcoigríoch, a mhéid is go bhfuil na táirgí lena mbaineann beartaithe lena ndíol ar mhargadh na tíre rialála. Ina theannta sin, d’fhéadfadh sé nach ndéanfadh PPManna difear fiú do shaintréithe fisiceacha an táirge deiridh. I gcásanna den sórt sin, úsáidtear an téarma ‘modhanna den phróiseáil agus den táirgeadh nach mbaineann le táirge’.

Cé nach ndéanann an tAontas caighdeáin den sórt sin a fhorchur go córasach ar tháirgí allmhairithe, tá **reachtaíocht áirithe AE maidir le leas ainmhithe** infheidhme cheana féin maidir le hallmhairí. Leagann an tAontas coinníollacha síos le haghaidh cosaint ainmhithe tráth a maraithe, chomh maith le cosaint ainmhithe le linn iompair. Ceanglaítear le Rialachán 1099/2009³⁰ ar thríú tíortha a onnmhairíonn feoil chuig an Aontas caighdeáin choibhéiseacha ar a laghad leo sin atá i rialachán an Aontais a chur i bhfeidhm. Chun na críche sin, fianáíonn tríú tíortha sa deimhniú onnmhairiúcháin gur comhlíonadh caighdeáin leasa ainmhithe a bhí coibhéiseach ar a laghad ar mharú seamlais dóibh leo sin de chuid an Aontais agus ní dharna na comhpháirtithe trádála agóid maidir leis sin riamh. Déanann an Coimisiún measúnú ar chumas na dtíortha an fianú thuas a fhorhuiniú le linn iniúchtaí sláinteachais feola. Mar an gcéanna, ní mór d’ainmhithe a allmhairítear isteach san Aontas a bheith oiriúnach le hiompar i gcomhréir le ceanglais ábhartha an Aontais, rud nach mór do na tríú tíortha a dheimhniú sa deimhniú oifigiúil i gcomhréir le Rialachán 1/2005³¹. Ní mór do na hiompróirí tacar ceanglas a chomhlíonadh freisin agus caithfidh siad a bheith údaraithe agus caithfidh ionadaíocht a bheith acu sna Ballstáit ina ndéanann siad iarratas ar údarú. Tá córas éigeantach de lipéadú leasa ainmhithe ag an Aontas freisin le haghaidh uibheacha boird³² ina dtugtar an modh táirgthe le fios (caighin, saor- raoin, scioból, etc.).

Ar deireadh, ar chúiseanna leasa ainmhithe agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní a bhíonn ag saoránaigh an Aontais, cuireann an tAontas toirmeasc ar tháirgí róin a chur ar an margadh³³ (ach amháin táirgí a thagann ó fhiach a dhéanann pobail dhúchasacha), chomh maith le táirgí fionnadh cat agus fionnadh madraí agus táirgí ina bhfuil fionnadh den sórt sin³⁴.

³⁰ Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009 maidir le hainmhithe a chosaint tráth an mharaithe, IO L 303, 18.11.2009, lch. 1.

³¹ Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 maidir le cosaint ainmhithe le linn iompair agus oibríochtaí gaolmhara, IO L 3, 5.1.2005, lch. 1.

³² Rialachán (CE) Uimh. 589/2008 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir le caighdeáin mhargaíochta uibheacha, IO L 163, 24.6.2008, lch. 6.

³³ Rialachán (CE) Uimh. 1007/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le trádáil i dtáirgí róin, IO L 286, 31.10.2009, lch. 36.

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1523/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena dtoirmisctear fionnadh cat agus fionnadh madraí agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach sa Chomhphobal nó a onnmhairiú amach as, IO L 343, 27.12.2007, lch. 1.

3. AN COMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

3.1. Rialacha trádála idirnáisiúnta

Is é is aidhm do rialacha trádála domhanda creat intuartha agus neamh- idirdhealaitheach a bhaint amach don trádáil agus an ceart atá ag gach tír rialú a dhéanamh i gcomhréir lena dtosaíochtaí sochaíocha a chosaint. Tá forbairt inbhuanaithe agus an gá cosaint a thabhairt don chomhshaol i measc phrionsabail na hEagraíochta Domhanda Trádála³⁵. Déantar anailís sa roinn seo ar an dlíthiúlacht maidir le caighdeáin sláinte, chomhshaoil (lena n- áirítear leas ainmhithe) a chur i bhfeidhm ar tháirgí allmhairithe faoi chreat na hEagraíochta Domhanda Trádála.

Ní cheistíonn an Eagraíocht Dhomhanda Trádála an ceart atá ag tíortha beart a dhéanamh chun cosaint a thabhairt don chomhshaol nó don mhoráltacht phoiblí, lena n- áirítear ábhair inní maidir le leas ainmhithe, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Go deimhin, le 20 bliain anuas, tá an líon fógraí a bhain leis an gcomhshaol agus a cuireadh isteach chuig an Eagraíocht Dhomhanda Trádála níos mó ná dúbailte, ag sroicheadh beagnach 17 % de na fógraí go léir in 2020³⁶.

I measc dhá shampla aitheanta de bhearta PPM nach mbaineann le táirge a tugadh isteach chun cosaint a thabhairt don chomhshaol, tá bearta na Stát Aontaithe lenar cuireadh cosc ar thuinníní a allmhairíodh ó thríú tíortha nach raibh in ann a chruthú gur thug a gcuid modhanna iascaireachta cosaint do dheilfeanna agus na bearta lenar forchuireadh cosc ar shéaclaí a shaothraítear i dtríú tíortha gan teicneolaíocht a úsáid chun turtair mhara a chosaint. Rinneadh agóid maidir leis an dá bheart os comhair na hEagraíochta Domhanda Trádála agus rannchuidigh na rialuithe chun tuiscint níos fearr a fháil ar conas a thugann dlínse na hEagraíochta Domhanda Trádála aghaidh ar an gcomhéadan idir an trádáil agus an comhshaol³⁷.

Tá na hoibleagáidí agus na cearta uileghabhálacha maidir le trádáil earraí leagtha amach sa Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (GATT). An chéad chéim chun measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht birt lena ndéantar difear d'earraí is ea cé acu an bhfuil sé buailte ag ceann de rialacha an Chomhaontaithe sin. Tá feidhm leis sin, go háirithe, i gcás ina bhfuil beart:

³⁵ Sa Réamhrá a ghabhann le Comhaontú Marrakesh Lena mBunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála luaitear go n- aithníonn comhaltaí 'gur cheart a gcaidrimh i réimse na trádála agus na hiarrachta eacnamaíche a dhéanamh d'fhonn caighdeáin mhaireachtála a ardú, ag áirithiú go mbeidh fostaíocht iomlán ann agus ioncam réadach atá mór ina mhéid agus ag fás go cobhsaí agus éileamh éifeachtach, agus táirgeadh earraí agus seirbhísí agus a dtrádáil a leathnú, agus deis a thabhairt ag an am céanna an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní an domhain i gcomhréir leis an gcuspóir maidir le forbairt inbhuanaithe, ag féachaint leis an gcomhshaol a chosaint agus a chaomhnú araon agus feabhas a chur ar na bealaí lena ndéanfar é sin ar bhealach atá comhsheasmhach lena riachtanais agus lena n- ábhar inní faoi seach ar leibhéil dhifriúla den fhorbairt eacnamaíoch'.

³⁶ Coiste na hEagraíochta Domhanda Trádála ar Thrádáil agus an Comhshaol (2022), [Environmental database for 2020. Note by the Secretariat](#) [Bunachar sonraí comhshaoil le haghaidh 2020. Nóta ón Rúnaíocht], Doc. EDT WT/CTE/EDB/20, 28 Eanáir 2022.

³⁷ Na Stáit Aontaithe – *Prohibition of Shrimps and Certain Shrimp Products* [Cosc ar Shéaclaí agus ar Tháirgí Áirithe Séaclaí] Doc. EDT WT/DS56/AB/R (98-000) (12 Deireadh Fómhair 1998) [Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc] agus Doc. EDT WT/DS58/R (15 Bealtaine 1998) [Tuarascáil an Phainéil]; Na Stáit Aontaithe – *Restrictions on Imports of Tuna* [Srianta ar Allmhairí Tuinníní] DS21/R – BISD 39S/155 (3 Meán Fómhair 1991, gan ghlacadh) [*Tuna-Dolphin I* [Tuinnín-Deilf I]] agus DS29/R (16 Meitheamh 1994, gan ghlacadh) [*Tuna-Dolphin II*] [Tuinnín-Deilf II].

- idirdhealaitheach, rud a chiallaíonn go bhfuil sé faoi bhac ag:
 - Airteagal I maidir le cóireáil an náisiúin barrfhabhair, lena gceanglaítear nach mór caitheamh le táirgí ó Chomhaltá amháin den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar bhealach is lú fabhar ná mar a chaithfí leis na táirgí comhchosúla ó aon tír eile; nó
 - Airteagal III maidir le cóireáil náisiúnta, ar dá réir nach féidir caitheamh le táirgí ar bhealach le níos lú fabhar ná mar a chaithfí le táirgí intíre comhchosúla; nó
- srian cainníochtúil lena gcuirtear teorainn ar chainníocht táirge atá á allmhairiú nó á onnmhairiú (Airteagal XI).

Tá beart **idirdhealaitheach** nuair a chuimsítear idirdhealú (1) *de jure* leis, is é sin, nuair a dhéantar idirdhealú go sainráite leis an mbeart idir táirgí ar fhorais tionscnaimh; nó (2) idirdhealú *de facto*, is é sin, nuair atá an beart neodrach ó thaobh tionscnaimh ar a éadan, ach tá tionchar díobhálach aige ar na coinníollacha iomaíochta idir táirgí comhchosúla ó chomhaltá difriúla den Eagraíocht Dhomhanda Trádála. D'fhéadfadh gurb ann d'idirdhealú *de facto*, mar shampla, más féidir le táirgí intíre caighdeán nó ceanglas áirithe a chomhlíonadh ar bhealach níos éasca ná mar a chomhlíonann táirgí comhchosúla a allmhairítear.

Mura sáraítear aon cheann de na forálacha thuas, ní bhíonn gá go ginearálta le breis anailíse toisc go meastar an beart a bheith comhoiriúnach le GATT. Má sháraítear na forálacha thuas, d'fhéadfadh an beart a bheith in ann tairbhiú d'ionchais ghinearálta rialacha GATT fós de bhun Airteagal XX³⁸ dá chuid. Más féidir leis é sin a dhéanamh, is féidir an beart a choinneáil ar bun agus é a mheas tríd is tríd mar bheart atá comhoiriúnach le GATT.

Chun tairbhiú den bhonn cirt faoi Airteagal XX GATT, caithfidh beart:

- Ceann nó níos mó de na **cuspoirí beartais** atá liostaithe in Airteagal XX ('bonn cirt sealadach') a shaothrú i ndáiríre. Baineann na forais athfhillteacha is mó i ndáil le rialacháin PPM le cosaint beatha nó sláinte daoine, ainmhithe, nó plandaí (Airteagal XX(b)), cosaint acmhainní nádúrtha neamh- inathnuaite (beo agus neamh- bheo) (Airteagal XX(g)), an mhoráltacht phoiblí (Airteagal XX(a)); agus táirgí saothair príosúin (Airteagal XX(e)). Cuspoirí de chineál eacnamaíoch, amhail iomaíochas táirgeoirí intíre a mhéadú nó an cothrom iomaíochta, ní forais bhailí iad sin faoi Airteagal XX GATT chun caighdeáin PPM nach mbaineann le táirge a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí;

³⁸ Léann Airteagal XX(a), (b) agus (g) de GATT:

'Faoi réir an cheanglais nach gcuirfead na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir tíortha i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo lena chosc ar aon pháirtí conarthach bearta a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar bearta iad is gá chun an mhoráltacht phoiblí a chosaint;

(b) ar bearta iad is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(...)

(e) ar bearta iad a bhaineann le táirgí saothair príosúin;

(...)

(g) ar bearta iad a bhaineann le caomhnú acmhainní nádúrtha neamh- inathnuaite má thugtar éifeacht le bearta den sórt sin i gcomhar le srianta ar tháirgeadh nó ar thomhaltas intíre...'

- A chomhlíonann an **tástáil ‘riachtanais’**, lena gceanglaítear cothromú gnéithe éagsúla:
 - Breithniú ar thábhacht na gcuspóirí arna saothrú don chomhaltá rialála. I roinnt cásanna, toirmeasc an t-aon bhealach leordhóthanach a bhíonn ann chun an cuspóir inmhianaithe a bhaint amach, i gcomparáid le ceanglas maidir le lipéadú mar shampla. Chuige sin, sheas an Eagraíocht Dhomhanda Trádála le toirmeasc an Aontais ar allmhairiú táirgí róin toisc go raibh sé bunaithe ar ábhair inní láidre ón tsochaí³⁹. Ar an gcaoi chéanna, cuireann an tAontas Eorpach toirmeasc ar allmhairiú agus ar mhargú fionnadh cat agus fionnadh madraí ar fhorais mhorálta agus eiticiúla⁴⁰. Ní dhearna comhpháirtithe trádála agóid maidir leis an mbeart sin riamh agus creidtear go bhfuil sé comhoiriúnach go hiomlán le dlí na hEagraíochta Domhanda Trádála.
 - Rannchuidiú an bhirt leis na cuspóirí, rud a chiallaíonn nach mór don bheart a bheith oiriúnach chun na cuspóirí luaite a bhaint amach nó rannchuidiú lena mbaint amach;
 - In éagmais beart malartach a bheith ar fáil nach mbeadh chomh sriantach ar thrádáil, ach a rannchuideodh ar bhealach cothrom nó ar bhealach níos fearr chun na cuspóirí luaite a bhaint amach, ag cur féidearthacht theicniúil agus eacnamaíoch san áireamh. Mar shampla, meastar go ginearálta nach bhfuil bearta saorálacha chomh sriantach ar thrádáil agus atá bearta éigeantacha agus meastar nach bhfuil lipéadú chomh sriantach ar thrádáil agus atá toirmeasc ar allmhairí;
- Coinníollacha ‘achoimre’ Airteagal XX a chomhlíonadh, lena gceanglaítear nár cheart aon idirdhealú treallach ná idirdhealú gan údar a bheith ann maidir le dearadh, struchtúr agus cur i bhfeidhm birt idir tíortha i gcás ina bhfuil feidhm leis na coinníollacha céanna, ná srian faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta.

Go bunúsach, le go mbeidh údar le beart faoi Airteagal XX GATT, ní mór dó a bheith riachtanach chun ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí beartais atá cumhdaithe a bhaint amach, ní mór dó caitheamh go cothrom le táirgí intíre agus le táirgí a allmhairítear agus ní mór dó gan gnéithe cosantacha a bheith aige. Ba cheart an t-ualach agus na costais arna bhforchur ar pháirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear comhpháirtithe idirnáisiúnta, riaracháin phoiblí, allmhaireoirí, onnmhaireoirí agus úsáideoirí a chur san áireamh. Ba cheart foráil a bheith i ndearadh beart den sórt sin le haghaidh solúbthacht leordhóthanach chun na coinníollacha sonracha a chur san áireamh agus na modhanna difriúla táirgthe a d’fhéadfadh a bheith ag na tíortha is onnmhaireoirí, ar choinníoll go ndéantar é sin ar bhealach cothrom, trí mhodhanna táirgthe tríú tír a aithint mar chinn lena bhforáiltear do leibhéal inchomparáide éifeachtachta mar chaighdeán de chuid an Aontais, mar shampla.

Ba cheart aon riail nó aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha a chur san áireamh sa bheart. Má imíonn an beart ó na caighdeáin sin, ní mór na cúiseanna a sholáthar, amhail gurb ann d’fhaisnéis bhreise, nó an cinneadh chun foráil a dhéanamh maidir le leibhéal cosanta níos airde.

³⁹ CE – *Measures Prohibiting the Importation and Marketing of Seal Products* [Bearta lena gCoisctear Allmhairiú agus Margú Táirgí Róin], WT/DS400/AB/R agus WT/DS401/AB/R (22 Bealtaine 2014).

⁴⁰ Rialachán (CE) Uimh. 1523/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2007 lena dtoirmisctear fionnadh cat agus fionnadh madraí agus táirgí a bhfuil fionnadh den sórt sin iontu a chur ar an margadh agus a allmhairiú isteach sa Chomhphobal nó a onnmhairiú amach as, IO L 343, 27.12.2007, lch. 1.

Ba cheart an beart a bheith bunaithe ar an eolaíocht nó ar fhaisnéis eile i gcás inarb ábhartha (e.g. ó chomhlacht idirnáisiúnta ábhartha, agus d'fhéadfaí tuarascálacha, cinntí, suirbhéanna, etc., a áireamh leis), rud ar cheart dó bonn réasúnach a sholáthar maidir leis an mbeart, ar léir é ó mheasúnú iomchuí. Má tá an beart bunaithe ar an gcoincheap maidir le réamhchúram (ar an bhforas nach bhfuil faisnéis áirithe eolaíoch ar fáil go fóill), ba cheart dó a bheith bunaithe ar an bhfaisnéis thábhachtach uile atá ar fáil, foráil a dhéanamh maidir le fáil na faisnéise is gá le haghaidh measúnú níos iomláine agus freastal ar an bhféidearthacht maidir le hathbhreithniú.

Ábhair inní lena mbaineann gné dhomhanda agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta ag cuid den phobal idirnáisiúnta ar a laghad (e.g. an t- athrú aeráide, cailteanas bithéagsúlachta, AMR), is mó seans go nglacfar leo mar chúiseanna dlisteanacha i gcomhair gníomhaíochta.

Déantar tuilleadh forbartha ar na rialacha thuas maidir le GATT sa Chomhaontú maidir leis na Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (Comhaontú TBT), ina bhfuil rialacha a bhaineann le hidirdhealú (Airteagal 2.1) agus riachtanas (Airteagal 2.2). Sonraítear ann nach mbeidh na rialacháin theicniúla níos sriantaí ar thrádáil ná mar is gá chun cuspóirí dlisteanacha a chomhlíonadh, cuspóirí amhail ceanglais slándála náisiúnta; cleachtais mhealltacha a chosc; sláinte nó sábháilteacht an duine, beatha nó sláinte ainmhithe nó plandaí, nó an comhshaol a chosaint. Le linn dóibh a gcuid rialacháin theicniúla a fhorbairt, tá coinne leis go mbreithneoidh comhaltaí na hEagraíochta Domhanda Trádála, *inter alia*, faisnéis eolaíoch agus theicniúil atá ar fáil.

Ní bhíonn feidhm ag an gComhaontú maidir leis na Bacainní Teicniúla ar an Trádáil i gcás rialacháin PPM nach mbaineann le táirge (toisc go dtagraíonn an sainmhíniú in Iarscríbhinn 1 do 'saintréithe táirge nó a modhanna próiseála agus táirgthe lena mbaineann'). Tá feidhm leis áfach maidir le bearta a dhéileálann le téarmeolaíocht, siombailí, pacáistiú, marcáil nó lipéadú, toisc go bhfuil feidhm acu maidir le táirge, modhanna próiseála agus táirgthe. Má thagann beart laistigh de raon feidhme an Chomhaontaithe TBT, déanfar anailís air faoi chuimsiú an chomhaontaithe sin. Ní bheidh feidhm ag Airteagal XX GATT i gcás ina sáraítear Comhaontú TBT toisc go bhfuil na gnéithe d'Airteagal XX GATT comhtháite go héifeachtach cheana féin in Airteagal 2.1 agus 2.2 de Chomhaontú TBT.

Déantar tuilleadh forbartha den chineál céanna ar Airteagal XX(b) GATT sa Chomhaontú maidir le Bearta Sláintíocha nó Fíteashláintíocha a Chur i bhFeidhm (Comhaontú SPS), ina bhfuil forálacha chomh maith a bhaineann le hidirdhealú gan údar (Airteagal 2.3 agus Airteagal 5.5) agus riachtanas (Airteagal 2.2 agus Airteagal 5.6). Mar a luadh ina Iarscríbhinn A áfach, níl feidhm ag Comhaontú SPS ach amháin maidir le rioscaí sonracha áirithe a eascraíonn *laistigh de chríoch* an Chomhalta rialála.

Mar chonclúid, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile a luaitear thuas, d'fhéadfaí a bhreithniú go bhfuil na rialacháin náisiúnta PPM comhoiriúnach le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála.

3.2. Caighdeáin agus tiomantais sláinte agus chomhshaoil idirnáisiúnta

Ag éirí as an leathnú a rinneadh ar thrádáil idirnáisiúnta i dtáirgí agraibhia le cúpla scór blianta anuas, tá gá anois le caighdeáin a fhorbairt ar an leibhéal idirnáisiúnta chun an malartú idirnáisiúnta a éascú. Tá ról tábhachtach ag roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta maidir le caighdeáin bhia a fhorbairt go domhanda, go háirithe maidir le sábháilteacht bia agus cosaint

tomhaltóirí. Ní ann d'fhóram tiomnaithe, áfach, a oibríonn ar chaighdeáin inbhuanaitheachta / chomhshaoil is infheidhme maidir le bia. Díritear san fhorbhreathnú thíos ar na heagraíochtaí idirnáisiúnta reatha atá gníomhach i réimse na gcaighdeán agus na dtiomantas sláinte agus comhshaoil a bhaineann le táirgeadh bia. Mar a luadh thuas, ábhair inní lena mbaineann gné dhomhanda agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta ag cuid den phobal idirnáisiúnta ar a laghad, is mó seans go nglacfar leo mar chúiseanna dlisteanacha i gcomhair gníomhaíochta.

I réimse na sábháilteachta bia agus na sláinte ainmhithe agus plandaí, is iad na trí chomhlacht idirnáisiúnta is tábhachtaí maidir le caighdeáin a bhunú, arna n- aithint ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála i gComhaontú SPS, ná Coimisiún Codex Alimentarius, an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe agus Rúnaíocht an Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí.

Bhunaigh Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe agus an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) Coimisiún Codex Alimentarius mar fhreagairt ar ábhair inní a bhí ag dul i méid ó thomhaltóirí maidir le guaiseacha sláinte a d'fhéadfadh a bheith bainteach le bianna agus leathadh na rialachán náisiúnta sábháilteachta bia lena gcuirtear bac ar an trádáil idirnáisiúnta. I rith beagnach 60 bliain de ghníomhaíocht leanúnach, ghlac Coimisiún Codex Alimentarius breis agus 200 caighdeán bia, chomh maith le treoirlínte, cóid chleachtas maidir le sláinteachas, lipéadú, bia arna tháirgeadh ó orgánaigh ghéinmhodhnaithe, AMR, uasleibhéil le haghaidh éilleán i mbia nó le haghaidh breiseáin bhia, uasteorainneacha le haghaidh iarmhair lotnaidí nó le haghaidh iarmhair táirgí íocshláinte tréidliachta i mbianna. In 2021 d'fhorbair a Thascfhórsa maidir le frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR) treoraíocht eolaíocht- bhunaithe chun bainistíocht chomhleanúnach AMR a chumasú feadh an tslabhra bia.

Leagann an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE⁴¹) caighdeáin idirnáisiúnta síos maidir le sláinte ainmhithe, leas ainmhithe agus táirgeadh ainmhithe lena n- áirítear AMR. Tugann an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe aghaidh freisin ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha tríd an gcomhaontas ceithre chuid, arb é atá ann comhar comhdhlúthaithe idir EDS, FAO, Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe agus iad ag tarraingt ar a bpríomh- shainordú chun aghaidh a thabhairt ar an raon leathan riachtanas atá ag baint leis an bhfreagairt dhomhanda in aghaidh na frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha. Ina 7ú plean straitéiseach le haghaidh na tréimhse 2021-2025⁴², cuireann an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe i dtábhacht cé go bhfuil sé mar phríomh- shainordú aici feabhas a chur ar shláinte agus leas ainmhithe, go gcuideofar chun todhchaí an chine dhaonna a chaomhnú ach é sin a dhéanamh. Thairis sin, rannchuidiú leis na spriocanna domhanda trí inbhuanaitheacht fheabhsaithe na táirgeachta ainmhithe, tá sé sin fós ar cheann de chuspóirí uileghabhálacha na hEagraíochta.

Conradh idir- rialtasach is ea an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí a shínigh os cionn 180 tír, arb é is aidhm dó cosaint a thabhairt d'acmhainní plandaí an domhain ar leathadh agus ar thabhairt isteach lotnaidí plandaí agus trádáil shábháilte a chur chun cinn. Thug an Coinbhinsiún Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta isteach mar an phríomhuirlis a bheidh aige chun a chuid spriocanna a bhaint amach, rud a fhágfaidh

⁴¹ Choinnigh an Eagraíocht an acrainm a bhí aici riamh a sheasann do *Office International des Epizooties*.

⁴² https://web.oie.int/download/SG/2020/A_88SG_14_StrategicPlan.pdf

go mbeidh sé ar an aon eagraíocht amháin ar fud an domhain chun caighdeáin a leagan síos le haghaidh sláinte plandaí. Ina chreat straitéiseach le haghaidh 2020-2030, leagann an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí na cuspóirí straitéiseacha a leanas amach: (a) slándáil bia dhomhanda a fheabhsú agus táirgiúlacht inbhuanaithe talmhaíochta a mhéadú; (b) foraoisí agus an comhshaol a chosaint ar a tionchar a bhíonn ag lotnaidí plandaí; agus (c) forbairt na trádála sábháilte agus fás eacnamaíoch a éascú.

Téann an tAontas Eorpach i ndlúthchomhar freisin leis an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) maidir leis an talmhaíocht, iascaigh, foraoiseacht, bithéagsúlacht, slándáil bia, géarchéimeanna bia agus sábháilteacht bia. In 2021, chomhaontaigh an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta ina nDirphlé Straitéiseach comhiarrachtaí a mhéadú maidir lena geláir oibre i gcoiteann chun córais agraibhia a chlaochlú, chun go mbeidh siad níos ionchuimsithí, níos éifeachtúla, níos athléimní agus níos inbhuanaithe. D'fhoilsigh an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta treoirlínte éagsúla ar inbhuanaitheacht an dobharshaothraithe⁴³, na bainistíochta ithreach agus ar chórais bhia inbhuanaithe⁴⁴, ag sainiú córais bhia inbhuanaithe, ag soláthar na réasúnaíochta maidir le cur chuige iomlánaíoch agus aird ar na hidirnáise idir gnéithe sóisialta, comhshaoil agus eacnamaíochta de chórais agraibhia, na teorainneacha atá leis na cineálacha cur chuige atá i bhfeidhm faoi láthair agus an gá atá le hathrú a dhéanamh.

Iarrachtaí an Aontais ar a dtugtar tuairisc thuas chun bearta a bhfuil tionchar acu a dhéanamh chun AMR a chomhrac, léiríonn siad freisin go n- aithníonn an Grúpa Comhordúcháin Idirghníomhaireachta ar AMR, grúpa *ad hoc* de chuid na Náisiún Aontaithe (ina n- áirítear saineolaithe ón Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe) go hidirnáisiúnta go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach chun AMR a shrianadh, ag tosú le deireadh a chur de réir a chéile le húsáid frithmhiocróbach chun fás a spreagadh in ainmhithe agus bearta a leagan síos chun éifeachtúlacht na bhfrithmhiocróbach is tábhachtaí le haghaidh leigheas an duine a chaomhnú.

Tá an Coiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain (CFS), fóram de chuid na Náisiún Aontaithe chun athbheithniú a dhéanamh ar bheartais slándála bia agus bearta leantacha maidir leo, gníomhach freisin san aistriú i dtreo na gcóras bia inbhuanaithe.⁴⁵

⁴³ Bunaítear le hAirteagal 9 den Chód Iompair maidir le hIascaigh Fhreagracha de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta prionsabail áirithe don dobharshaothrú freagrach, lena n- áirítear úsáid ionchur ceimiceach a rialú sa dobharshaothrú atá contúirteach do shláinte an duine agus don chomhshaol. D'eisigh an Eagraíocht doiciméid treoraíochta éagsúla ar chleachtais inbhuanaithe. Tugann an tAontas tacaíocht faoi láthair do dhul chun cinn i dtreo Treoirlínte cuimsitheacha agus uailmhianacha don Dobharshaothrú Inbhuanaithe i gcomhthéacs na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, i gcomhréir leis na Treoirlínte Straitéiseacha do dobharshaothrú san Aontas Eorpach.

⁴⁴ FAO (2018), Sustainable food systems: concept and framework [Córais bhia inbhuanaithe: coincheap agus creat], an Róimh.

⁴⁵ Féach, e.g. CFS (2014), Principles for Responsible Investment in Agriculture and Food Systems [Prionsabail maidir le hInfheistíocht Fhreagrach i gCórais Talmhaíochta agus Bhia], an Róimh; CFS (2021), CFS Voluntary Guidelines on Food Systems and Nutrition [Treoirlínte Saorálacha CFS maidir le Córais Bhia agus Cothú], an Róimh; Painéal Ardleibhéil Saineolaithe CFS (HLPE) (2019), Agroecological and other innovative approaches for sustainable agriculture and food systems that enhance food security and nutrition. A report by the High Level Panel of Experts on Food Security and Nutrition of the Committee on World Food Security [Cineálacha cur chuige agraí- éiceolaíochta agus cuir chuige nuálacha eile le haghaidh córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bhia a fheabhsaíonn an tslándáil bia agus cothú. Tuarascáil ón

Áirítear leis an gcreat straitéiseach don bhithéagsúlacht 2010-2020⁴⁶ den Choinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht spriocanna éagsúla atá ábhartha i gcomhthéacs na gcaighdeán agus na trádála i mbia, go háirithe sprioc 7 maidir le talmhaíocht, docharshaothrú agus foraoiseacht inbhuanaithe agus sprioc 8 maidir le truailliú, lena n-áirítear truailliú cothaitheach.

An Tionscnamh Pailneoirí Idirnáisiúnta, arna sheoladh laistigh de chreat an Choinbhinsiúin maidir leis an mBithéagsúlacht agus arna chur chun feidhme ag an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta ó bhí 2000 ann, sin é an príomhionstraim beartais é chun dul i ngleic leis na bagairtí do phailneoirí ar an leibhéal domhanda. Cuid lárnach d'Éiceachórais shláintiúla iad na pailneoirí⁴⁷, go háirithe na hagraí-Éiceachórais⁴⁸. Dá n-uireasa, thiofadh meath ar speiceas barr agus plandaí fiáine atá i dtuilleamaí pailniú ainmhithe agus d'imeodh go leor díobh de réir a chéile⁴⁹. Fós féin, tá meath ag teacht ar an líon pailneoirí atá ag tarlú agus ar a n-éagsúlacht san Aontas agus ar fud an domhain, agus roinnt speiceas i gcontúirt a ndíothaithe⁵⁰. I dtuarascáil measúnúcháin an Ardáin Idir-Rialtasaigh maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais (IPBES)⁵¹ ainmnítear athrú ar úsáid talún, dlúthbhainistíocht talmhaíochta agus úsáid lotnaidí, truailliú comhshaoil, speicis choimhthíocha ionracha, pataiginí agus an t-athrú aeráide mar phríomhbhagairtí do phailneoirí.

bPainéal Ardleibhéil Saineolaithe ar Slándáil Bia agus Cothú den Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain], an Róimh; HLPE (2020), [Food security and nutrition: building a global narrative towards 2030. A report by the High Level Panel of Experts on Food Security and Nutrition of the Committee on World Food Security](#) [Slándáil bia agus cothú: scéal domhanda a thógáil i dtreo 2030. Tuarascáil ón bPainéal Ardleibhéil Saineolaithe ar Slándáil Bia agus Cothú den Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain], an Róimh.

⁴⁶ <https://www.cbd.int/sp/>

⁴⁷ *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions. EU Pollinators Initiative* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Tionscnamh Pailneoirí an Aontais], COM(2018)395 final agus Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis, SWD(2018)302 final/2.

⁴⁸ FAO (2019), [State of the World's Biodiversity for Food and Agriculture](#) [Stádas Bhithéagsúlachta an Domhain um Bhia agus Talmhaíocht], an Róimh.

⁴⁹ Tarlaíonn idir 5-8 % den táirgeadh barr reatha, ar fiú USD 235-577 mbilliún é ar an margadh go bliantúil (figiúirí 2015) go díreach mar gheall ar phailneoirí (féach IPBES (2016), nóta 50, lgh. 4 agus 154).

⁵⁰ IPBES (2016), [The assessment report of the Intergovernmental Science-Policy Platform on Biodiversity and Ecosystem Services on pollinators, pollination and food production](#) [Tuarascáil measúnúcháin an Ardáin Idir-rialtasaigh maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais maidir le pailneoirí, pailniú agus táirgeadh bia], Potts S. G., Imperatriz-Fonseca V. L. agus H. T. Ngo (eag.), Rúnaíocht an Ardáin Idir-rialtasaigh maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, Bonn. Is comhlacht comhairleoireachta eolaíochta é IPBES a bunaíodh faoi CBD. Féach freisin CBD (2007), *Pollinators: Key issues* [Pailneoirí: Príomh-shaincheisteanna] (<https://www.cbd.int/agro/pollinatorkeyissues.shtml>); S. Fryday, K. Tiede agus J. Stein (2015), [Scientific services to support EFSA systematic reviews: Lot 5 Systematic literature review on the neonicotinoids \(namely active substances clothianidin, thiamethoxam and imidacloprid\) and the risks to bees](#) [Seirbhísí eolaíochta chun tacú le hathbhreithnithe córasacha an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia: Beart 5 Athbhreithniú litríochta córasaí ar neoinicitióidigh (go háirithe na substaintí gníomhacha clóitiainidín, tiameatocsam agus imidacloprid) agus na rioscaí do bheacha]. Foilseachán tacaíochta EFSA 2015:EN-756. FAO (2019), *Declining bee populations pose threat to global food security and nutrition* [Daonraí beach ag dul i léig a bhagraíonn ar shlándáil bia agus ar chothú domhanda] (<https://www.fao.org/news/story/en/item/1194910/icode/>).

⁵¹ IPBES (2016), féach nóta 50.

Thairis sin, is comhaontú iltaobhach é Coinbhinsiún Stócólm maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar cheimiceáin a fhanann sa chomhshaol ar feadh tréimhsí fada, a dháiltear go forleathan ar bhonn geografach, a channann sa duine agus sa dúlra agus a mbíonn tionchair dhíobhálacha acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. In éineacht le Prótacal Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha⁵², bunaíonn Coinbhinsiún Stócólm córais dhiana idirnáisiúnta le haghaidh na dTruailleáin Orgánach Marthanach (16 i bPrótacal UNECE agus 31 i gCoinbhinsiún Stócólm), agus is lotnaidí atá i gceist le cuid mhaith díobh. Ní mór táirgeadh agus úsáid na substaintí sin a dhíothú nó a shrianadh go mór. D’ainneoin gur cuireadh cosc ar go leor de na Truailleáin Orgánacha Mharthanacha blianta ó shin, tá siad fós le fáil sa chomhshaol de bharr chomh fada a mhaireann siad.

Mar fhocal scoir, tá ról freisin ag comhaontuithe saorálacha, ag tionscnaimh nó ag cóid tionscail agus ag eintitis phríobháideacha chomh maith le scéimeanna inbhuanaitheachta ó thaobh cur i bhfeidhm caighdeán leasa ainmhithe agus comhshaoil ar fud na slabhraí luacha domhanda, go háirithe maidir le trádáil san earnáil agrairbhia. Cé gur tháinig scéimeanna inbhuanaitheachta príobháideacha chun cinn i dtús báire i réimse na sábháilteachta bia, leathnaíodh amach níos mó iad chun saincheisteanna leasa ainmhithe nó comhshaoil a chumhdach (e.g. GLOBALG.A.P.). Sampla eile de thionscnamh príobháideach is ea an Cruinniú Comhchéime ar Ola Phailme Inbhuanaithe⁵³ ina dtugtar táirgeoirí, próiseálaithe nó trádálaithe, monaróirí, miondíoltóirí, infheisteoirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha comhshaoil agus sóisialta in ola phailme le chéile chun scéimeanna inbhuanaitheachta domhanda in ola phailme a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

4. RÉIMSÍ GNÍOMHAÍOCHTA DE CHUID AN AONTAIS

4.1. Fóraim iltaobhacha

Cuireadh i dtábhacht sa Chomhaontú Glas don Eoraip an tábhacht atá le freagairt dhomhanda a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda amhail an t- athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, agus iarradh ar an Aontas leanúint ag cur beartais uailmhianacha chomhshaoil agus aeráide chun cinn agus chun feidhme ar fud an domhain. Féachadh in éineacht leis sin i Straitéis F2F – mar cheann de chuspóirí an Aontais – an t- aistriú domhanda chuig córais bhia inbhuanaithe a chur chun cinn i gcomhlachtaí socraithe caighdeán agus stiúir a ghlacadh ar an obair ar chaighdeáin inbhuanaitheachta idirnáisiúnta. I bhfóraim iltaobhacha, bhí an tAontas ar cheann de na glórtha ba láidre a bhí ar son phráinneacht an aistrithe chuig córais bhia inbhuanaithe. Ní mór dó ról ceannasach a ghlacadh chun a áirithiú go ndéantar bearta leantacha inláimhsithe, agus an uirlis is éifeachtaí chun go dtarlóidh sé sin is ea cumhacht bhog normatach an Aontais mar áis thábhachtach chun caighdeáin a leagan síos agus mar cheann de na honnmhaireoirí agus na hallmhaireoirí agrairbhia is mó ar domhan. Soláthraíodh forbhreathnú i Roinn 3.2 maidir le heagraíochtaí agus tionscnaimh reatha i réimse na gcórais agrairbhia inbhuanaithe. Saináithnítear sa roinn seo na príomhréimsí gníomhaíochta ar an leibhéal iltaobhach agus a bhfuil tábhacht ar leith leo don Aontas Eorpach féachaint lena

⁵² Prótacal Aarhus maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, arna ghlacadh in 1998 mar ghné bhreise le Coinbhinsiún na Ginéive maidir le Truailiú Aeir Trasteorann Fadraoin.

⁵³ <https://rspo.org/>

chuspóirí a bhaineann leis an aistriú domhanda chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach.

Beart leantach ó Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia

Is saincheist thrasghearraitheach é inbhuanaitheacht na gcóras bia lena nasctar formhór na ndúshlán atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an athrú aeráide agus an comhshaol. Murab ionann le réimsí amhail an bhithéagsúlacht nó an t-athrú aeráide, níl aon chreat-choinbhinsiún ná aon chreat-chomhaontú idirnáisiúnta ann maidir le córais bhia idirnáisiúnta chun forbairt beartais chomhtháite a spreagadh ná aon chomhlacht neamhspleách eolaíoch chun treoir a thabhairt don chinnteoireacht (amhail an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide nó an tArdán Idir-rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais). Sa chomhthéacs sin, bhí ról tábhachtach ag **Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia** in 2021 chun gníomhaíocht a chomhdhlúthú agus idirphlé iltaobhach éagsúil maidir le bia a thabhairt le chéile.

In aghaidh an chúlra sin, bhunaigh an Coimisiún grúpa saineolaithe chun iniúchadh a dhéanamh ar na riachtanais agus na roghanna maidir le creat idirnasctha, comhleanúnach chun na comhéadain idirnáisiúnta maidir le beartas eolaíochta i réimse na gcóras bia a neartú⁵⁴. I gcomhréir leis na riachtanais a sainaitníodh, tacaíonn an tAontas le feabhas a chur ar ról chomhéadan beartais eolaíochta an Choiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain.

Tá an tAontas tiomanta freisin d'obair a dhéanamh leis an 'Mol Comhordúcháin do Chórais Bhia' atá beartaithe. Beidh feidhm chomhordúcháin ag an 'Mol', arna óstáil ag an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta, chun eolas agus saineolas na gcóras bia a thabhairt le chéile agus a nascadh chun tacaíocht a thabhairt don dul chun cinn ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ar leibhéal náisiúnta, le cruinnithe meastóireachta domhanda chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn gach 2 bhliain.

Mar chríoch, tá an tAontas ag gabháil do roinnt Comhghuaillíochtaí/Tionscnamh i gcomhair Gníomhaíochta⁵⁵ de thoradh Chruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Córais Bhia. I gcomhthreo leis sin, tá sé ag ullmhú 'Cosán an Aontais' freisin agus foilseoidh sé é, rud a shuífidh Straitéis F2F sa díospóireacht idirnáisiúnta ghinearálta agus a chiallóidh go mbeidh gníomhaíochtaí an Aontais níos feiceálaí.

Comhlachtaí na Náisiún Aontaithe agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht

An tráth céanna leanann an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht (CBD), an Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta (FAO) agus gníomhaireachtaí eile de chuid na Náisiún Aontaithe a luaitear i Roinn 3.2 de ról a bheith acu i gcur chun cinn an chláir oibre idirnáisiúnta maidir le gnéithe éagsúla de chórais bhia inbhuanaithe trí spriocanna, treoirlínte

⁵⁴ An Coimisiún Eorpach (2021), *Everyone at the table: co-creating knowledge for food systems transformation [Gach duine ag an mbord: comhchruthú eolais le haghaidh chlaochlú na gcóras bia]*, Webb, P. agus R. Sonnino (eag.), Oifig na bhFoilseachán.

⁵⁵ Tá an tAontas ag gabháil do na comhghuaillíochtaí/tionscnaimh gníomhaíochta a leanas: Ní hIonann Bia agus Dramháil Riama; Aistí Bia Sláintiúla ó Chórais Bhia Inbhuanaithe le haghaidh Paistí agus Cách; An Chomhghuaillíocht le haghaidh Béilí Scoile; Bianna Uisceacha agus Bianna Gorma; Agra-éiceolaíocht; Díothú an Ocras; Géarchéimeanna Bia a Chomhrac feadh Nasc an Daonnúlachais, na Forbartha agus na Síochána; agus Fás Táirgiúlachta Inbhuanaithe.

agus moltaí a fhorbairt a bhaineann le modhanna táirgthe inbhuanaithe i dtalmhaíocht, dobharshaothrú agus táirgeadh bia. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacú ar bhonn réamhghníomhach leis na tionscnaimh uile a mbeidh córais bhia dhomhanda níos inbhuanaithe mar thoradh orthu.

Sa chomhthéacs sin tá 15ú Comhdháil na bPáirtithe (COP15) thar a bheith tábhachtach maidir le CBD, comhdháil atá chun an creat iar- 2020 um an mbithéagsúlacht a ghlacadh. Áirítear sa dréacht⁵⁶ atá faoi chaibidil spriocanna maidir leis na saincheisteanna céanna atá i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh agus sa Straitéis ón bhFeirm go dtí an Forc (Straitéis F2F) dá chuid, lena n- áirítear spriocanna intomhaiste chun úsáid na gothaitheach agus na lotnaidí a laghdú. Tá sé mar chuspóir ag an Aontas Eorpach spriocanna intomhaiste a áireamh sa chreat nua domhanda i gcomhréir leis na spriocanna AE.

An Eagraíocht Dhomhanda Trádála

Tá an tAontas Eorpach tiomanta d'athchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) le go mbeidh sí ina córas trádála iltaobhaí a bheidh níos inbhuanaithe agus níos éifeachtaí. Forbraítear tionscnaimh agus gníomhaíochtaí lena gcuirtear cúrsaí aeráide chun cinn, mar aon le cúrsaí comhshaoil agus cúrsaí inbhuanaitheachta eile, trí na feidhmeanna éagsúla atá ag EDT. San idirphlé idirnáisiúnta maidir le trádáil agus comhshaoil tacaíonn sé le léiriú ar fhorálacha ábhartha EDT lena dtugtar aitheantas don cheart atá ag na baill freagairtí éifeachtacha do na dúshláin dhomhanda a sholáthar, go háirithe an t- athrú aeráide, caillteanas na bithéagsúlachta agus truailliú an chomhshaoil.

Glacann an tAontas Eorpach ról ceannasach freisin i bpríomhshruthú saincheisteanna inbhuanaitheachta i gcoistí ábhartha EDT. Feidhmíonn Coiste EDT maidir le Trádáil agus Comhshaoil (CTE) mar an príomh- fhóram don idirphlé maidir le bearta trádála agus comhshaoil. Ó foilsíodh an Comhaontú Glas don Eoraip, tá cur i láthair déanta ag an gCoimisiún maidir le tograí reachtacha atá ábhartha ó thaobh na trádála de ag gach cruinniú CTE.

Leis an Idirphlé Struchtúrtha maidir le hInbhuanaitheacht na Trádála agus an Chomhshaoil (TESSD) a seoladh i mí na Samhna 2020 beartaítear go gcomhlánófar an obair atá déanta ag CTE agus ag coistí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid EDT. Is é is cuspóir le TESSD idirphlé a dhéanamh ar bheartais chomhshaoil a bhaineann le trádáil agus deiseanna a shaothrú i dtaca le gníomhaíochtaí saorálacha. Cumhdaíodh cuid mhaith topaicí san idirphlé sin, lena n- áirítear seisiún téamach maidir le bia agus talmhaíocht inbhuanaithe⁵⁷. Tá inbhuanaitheacht na slabhraí soláthair mar chuid den obair a dhéantar in TESSD. I mí na Nollag 2021 glacadh an Ráiteas ó Airí maidir le hInbhuanaitheacht na Trádála agus an Chomhshaoil⁵⁸ ionas go sainmhíneofar an obair a dhéanfar amach anseo. Seasann na hurraitheoirí comhpháirteacha do bhreis agus 86 % den trádáil dhomhanda, rud a léirítear leis an ról tábhachtach atá ag EDT i gcur chun cinn na forbartha inbhuanaithe. Tá na hiarrachtaí a dhéantar in TESSD á dtreorú ag an Aontas Eorpach.

Maidir le córais bhia go sonrath, agus ó thaobh gnéithe a bhaineann le trádáil, níl aon fhóram tiomnaithe in EDT inar féidir cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir leis an aistriú chuig

⁵⁶ <https://www.cbd.int/article/draft-1-global-biodiversity-framework>

⁵⁷ <https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:/INF/TESSD/R4.pdf&Open=True>

⁵⁸ <https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:/WT/MIN21/6R2.pdf&Open=True>

córais bhia inbhuanaithe. Toisc gur sa Choiste maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (BSF) a tharlaíonn cuid mhaith den idirphlé maidir le trádáil i mbianna, bhí an tAontas Eorpach ag moladh, ar bhonn gníomhach, go gcuimseofaí saincheistanna eile in idirphlé Choiste BSF, saincheistanna a bhaineann leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe i dtaca le trádáil idirnáisiúnta agus – chuige sin – i dtaca le clár oibre a chur ar bun⁵⁹.

Comhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeán a leagan síos

Ós rud é go bhfuil ról lárnach, ar bhonn domhanda, ag **Coimisiún Codex Alimentarius** (CAC) ó thaobh caighdeán bhia a leagan síos, a rannchuidíonn le tomhaltóirí ar fud an domhain a chosaint agus a éascaíonn trádáil dhomhanda i dtáirgí bia freisin, d'fhéadfadh ról mór a bheith ag Codex i nglacadh caighdeán inbhuanaitheachta ar bhonn domhanda, trí ghné chomhshaoil a chuimsiú sa phlé a dhéanann sé.

Tá cruthú eolaíoch agus úsáid anailise riosca le haghaidh sábháilteacht bia ar cheann de na príomh- phrionsabail lena gcuirtear taca faoi leagan síos caighdeán Codex. Ní mór téacsanna Codex a bheith bunaithe ar anailís eolaíoch, curtha i gcrích go príomha ag comhlachtaí saineolaithe de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta/na hEagraíochta Domhanda Sláinte (FAO/EDS)⁶⁰ atá comhdhéanta de shaineolaithe neamhspleácha as gach aon chearn den domhan. I gcomhréir le rialacha Codex, tráth phróiseas cinnteoireachta Codex, is féidir cúinsí dlisteanacha eile a chur san áireamh (seachas measúnú riosca ar bhonn eolaíochta) atá ábhartha maidir le cosaint sláinte agus le cleachtais chóir- thrádála, ar choinníoll gur féidir glacadh leis na cúinsí sin ar bhonn domhanda (nó ar bhonn réigiúnach i gcás caighdeán réigiúnacha)⁶¹.

Leagadh amach sna Conclúidí ón gComhairle a glacadh i mí Feabhra 2022⁶² fis an Aontais Eorpaigh maidir leis an méid atá i ndán do Codex agus an seasamh atá glactha aige maidir leis an ngá atá le breithnithe inbhuanaitheachta a chomhtháthú in obair Choimisiún Codex Alimentarius (CAC). Aithnítear sna Conclúidí an ról ríthábhachtach atá ag CAC ó thaobh éascú an aistrithe dhomhanda chuig córais bhia inbhuanaithe agus iarrtar iontu go mbeadh breithnithe inbhuanaitheachta ina ngnéithe níos suntasaí i gcaighdeán bhia dhomhanda arna gcur ar bun ag Codex, i gcomhréir le gealltanais arna dtabhairt ag baill Codex ar an leibhéal idirnáisiúnta.

⁵⁹ <https://docs.wto.org/dol2fe/Pages/SS/directdoc.aspx?filename=q:/G/SPS/GEN1969.pdf&Open=True>. Is í an Chomhdháil Aireachta an comhlacht cinnteoireachta is airde leibhéal de chuid EDT; cruinníonn sí gach dara bliain de ghnáth.

⁶⁰ Is iad na príomh- chomhlachtaí FAO/EDS a sholáthraíonn measúnú riosca do Codex: Comhchoiste Saineolaithe FAO/EDS maidir le Breiseáin i mBia (JECFA), Cruinnithe Comhpháirteacha FAO/EDS maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (JMPR), Cruinniú Comhpháirteach Saineolaithe FAO/EDS maidir le Measúnú Riosca Micribhitheolaíoch (JEMRA) agus Cruinnithe Comhpháirteacha Saineolaithe FAO/EDS maidir le Cothú (JEMNU).

⁶¹ CAC (2019), *Procedural Manual 27th edition, Appendix: General Decisions, Statements of Principle Concerning the Role of Science in Codex Decision-Making Process and the Extent to Which Other Factors Are Taken Into Account*, [An Lámhleabhar Nós Imeachta 27^ú heagrán, Foscríbhinn: Cinntí Ginearálta, Ráitis maidir le Prionsabail a Bhaineann leis an Ról atá ag an Eolaíocht i bPróiseas Cinnteoireachta Codex agus a Mhéid a Chuirtear Cúinsí Eile san Áireamh] FAO/EDS, an Róimh.

⁶² <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6298-2022-INIT/en/pdf>

An tráth céanna, lasmuigh de na hiarrachtaí cothrománacha sin, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith comhpháirteach i bhforbairt cáilíochtaí éagsúla aonair de chuid Codex atá tábhachtach ó thaobh na hinbhuanaitheachta de.

I gcomhréir leis an seasamh in CAC, leanfaidh an tAontas de thacú leis an obair a dhéantar maidir leis na comhlachtaí ábhartha socraithe cáilíochtaí idirnáisiúnta eile. Áirítear uirthi sin an obair a dhéanann an **Coinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (IPPC)** maidir le caighdeáin idirnáisiúnta um chosaint plandaí, obair a dhéantar mar fhreagairt do na dúshlán aeráide agus chomhshaoil atá ann faoi láthair, chomh maith le hiarrachtaí na **hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE)** i dtaca le leas ainmhithe a fheabhsú ar an leibhéal domhanda trí chaighdeáin nua idirnáisiúnta um leas ainmhithe a ghlacadh agus trí chur chun feidhme na gcaighdeán atá ann faoi láthair a neartú, go háirithe trí thacú le Straitéis Dhomhanda OIE um Leas Ainmhithe⁶³ agus trí chur chun feidhme an Tríú Plean Gníomhaíochta de chuid Chlár Oibre OIE maidir le Leas Ainmhithe don Eoraip (2021-2023)⁶⁴.

4.2. Comhaontuithe déthaobhacha comhair agus trádála⁶⁵

Comhar déthaobhach

Saothraíonn an tAontas Eorpach **comhar** spriocdhírthe le comhpháirtithe atá toilteanach feabhas a chur ar inbhuanaitheacht agus cáilíocht na táirgeachta áitiúla dá gcuid (lena n-áirítear bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar chomhlíontacht le cáilíochtaí agus bearta AE chun luach a gcuid táirgí ar an margadh domhanda a mhéadú). Tríd an mbeartas comhair atá aige le tíortha i mbéal forbartha, tacaíonn an tAontas Eorpach le cláir fothaithe acmhainneachta a bhfuil sé d'aidhm leo córais sláintíochta agus fiteashláintíochta a neartú le haghaidh onnmhairí talmhaíochta sna tíortha sin. Maidir leis sin, rannchuidítear sna cláir sin le comhlíontacht chaighdeáin an Aontais Eorpaigh agus tacaítear leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe. Tá Tionscnamh AE le haghaidh Cóció Inbhuanaithe ina eiseamláir de chur chuige earnálach mar a forbraíodh i gcomhar leis an gCósta Eabhair agus le Gána agus é d'aidhm leis tacú le táirgeadh cóció inbhuanaithe sna tíortha sin agus gnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil á gcuimsiú.

I gcomhar le comhpháirtithe toilteanacha, tá an tAontas tiomanta do dheiseanna a shaothrú chun an comhar sin a leathnú chun go gcumhdófar earnáil uile na talmhaíochta agus chun go dtacófar leis an aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe mar atá beartaithe i Straitéis F2F. Chuige sin, tá sraith de sheimineáir le tríú tíortha (cainteanna cíortha) á heagrú ag an gCoimisiún in 2022 chun go ndéanfar réimsí comhleasa a chíoradh.

Comhaontuithe trádála

Tá sé mar cheann de phríomh- phrionsabail EDT nach féidir le tíortha idirdhealú a dhéanamh idir a gcomhpháirtithe trádála. Is ar bhonn ‘náisiún barrfhabhair’ (MFN) a dhéantar trádáil. Déanann an Eagraíocht Dhomhanda Trádála eisceachtaí áirithe a sholáthar, áfach, maidir leis an bprionsabal sin: mar shampla, féadfaidh tíortha dul isteach i gcomhaontuithe saorthrádála (FTAnna) nó rochtain tosaíochta ar an margadh i bhfoirm laghduithe sonracha taraife a

⁶³ <https://www.oie.int/app/uploads/2021/03/en-oie-aw-strategy.pdf>

⁶⁴ https://rr-europe.oie.int/wp-content/uploads/2021/10/3rd_action_plan_oie_platform_animal_welfare_europe_adopted.pdf

⁶⁵ Cé is moite de dhobharshaothrú, tá an réimse iascaigh eisiata ó raon feidhme na hanailise seo.

thabhairt do thíortha i mbéal forbartha. Tá an tAontas Eorpach tar éis dul isteach i roinnt mhaith comhaontuithe tosaíochta déthaobhacha trádála chun trádáil le tríú tíortha a léirscaoileadh. I bhfioras, tá beagnach leath⁶⁶ d'allmhairí agraibhia chuig an Aontas Eorpach faoi réir na rialacha a leagtar síos i gcomhaontuithe trádála lena n- áirítear Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraiife (GSP) – comhshocraíocht speisialta trádála le haghaidh tíortha ísealioncaim agus íseal- mheánioncaim.

Is é atá i gceist le **comhaontuithe déthaobhacha trádála** go príomha uirlis chun trádáil dhá threo agus sreabhadh infheistíochta a mhéadú, ach is féidir iad a úsáid freisin chun comhpháirithe an Aontais Eorpaigh a spreagadh chun dul chun cinn a dhéanamh i réimse na forbartha inbhuanaithe agus na mbeartas domhanda. Is é sin is cúis le **caibidil thiomnaithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (TSD)** a bheith sna comhaontuithe nua trádála de chuid an Aontais Eorpaigh, a mbeidh gealltanais cheangailteacha inti maidir le saothar iltaobhach agus comhaontuithe comhshaoil (lena n- áirítear comhaontuithe maidir leis an aeráid) a urramú agus a n- áiritheofar inti nach laghdófar caighdeán saothair agus chomhshaoil chun go meallfar trádáil. Nuair nach n- urramaíonn an tír chomhpháirtíochta na coinníollacha sin, foráiltear do bhealaí chun sin a cheartú sa chomhaontú trádála. Ina theannta sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go mbeidh comhlíontacht Chomhaontú Pháras ina gné fhíor- riachtanach ag an Aontas Eorpach sna comhaontuithe trádála uile amach anseo. Dá thoradh sin, mura gcomhlíontar gealltanais Chomhaontú Pháras, d'fhéadfaí comhaontuithe a bhfuil forálacha AE den sórt sin iontu a chur ar fionraí aontaobhach mar gheall ar an mainneachtain sin.

Ó 2011 i leith, tá caibidlí TSD san áireamh le FTAnna (le Ceanada, Meiriceá Láir, an Cholóm/Peiriú/Eacuadór, an tSeoirsia, an tSeapáin, an Chóiré, an Mholdáiv, an Úcráin, Singeapór, an Ríocht Aontaithe agus Vítneam). Is mar gheall ar Phlean Gníomhaíochta 15 Phointe 2018 maidir le Trádáil agus Forbairt Inbhuanaithe (TSD)⁶⁷ a tháinig feabhas ar chur chun feidhme agus forfheidhmiú chaibidlí TSD in FTAnna de chuid an Aontais Eorpaigh. Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht maidir leis an Athbhreithniú ar Bheartas Trádála, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an bPlean Gníomhaíochta sin ina gcumhdaítear gnéithe ábhartha uile chur chun feidhme agus fhorfheidhmiú TSDanna⁶⁸. I gcomhréir leis an Straitéis, ní mór don Aontas Eorpach a áirithiú freisin go gcuirfear forálacha TSD chun feidhme ina n- iomláine agus go ndéanfar iad a fhorfheidhmiú ina n- iomláine sna comhaontuithe trádála uile.

Le blianta anuas, cuireadh gealltanais maidir le comhar sa réimse **leasa ainmhithe agus frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha (AMR)** le FTAnna. Maidir le

⁶⁶ In 2020 b'ionann allmhairí faoi chomhaontuithe trádála nó faoi Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraiife agus 47,5 % d'allmhairí agraibhia (foinse: Eurostat).

⁶⁷ An Coimisiún Eorpach (2018), [Feedback and way forward on improving the implementation and enforcement of Trade and Sustainable Development chapters in EU Free Trade Agreements](#) [An t- aiseolas agus an bealach chun tosaigh maidir le feabhas a chur ar chur chun feidhme agus ar fhorfheidhmiú na gCaibidlí ar Thrádáil agus Forbairt Inbhuanaithe sna Comhaontuithe Saorthrádála de chuid an Aontais Eorpaigh].

⁶⁸ Ar cheann de na gnéithe den athbhreithniú tá staidéar comparáideach ina scrúdaítear an chaoi a gcuireann tíortha ar fud an domhain caibidlí TSD chun feidhme agus an chaoi a bhforfheidhmiú siad iad agus – ar bhonn níos domhanda – cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú na ndlíthe aeráide, sóisialta agus saothair: Velut, J. B. et al. (2022), [Comparative Analysis of Trade and Sustainable Development Provisions in Free Trade Agreements](#) [Anailís Chomparáideach ar Fhorálacha Trádála agus Forbartha Inbhuanaithe i gComhaontuithe Saorthrádála].

leas ainmhithe, díreáir sna comhaontuithe ar ainmhithe feirmshaothraithe d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhthuiscint atá ann ar na dlíthe agus na rialacháin faoi seach agus ar a gcur chun feidhme, agus ar mhalartú faisnéise, saineolais agus taithí sa réimse sin chomh maith. Maidir le saincheist an chomhraic in aghaidh frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha, beartaítear in FTAnna go mbeidh ann do chomhar, comhoibriú agus malartú faisnéise chun go gcuirfear úsáid stuama agus fhreagrach antaibheathach chun cinn i bhfeirmeoireacht ainmhithe agus i gcleachtais tréidliachta. Maidir le clabhsúr a chur de réir a chéile ar úsáid antaibheathach mar spreagthóirí fais cuireann an tAontas Eorpach an méid sin chun cinn freisin.

Is é is cuspóir le Straitéis F2F 'caibidil uailmhianach ar inbhuanaitheacht a áirithiú i ngach uile chomhaontú déthaobhach trádála de chuid an Aontais Eorpaigh'. Tá an **chaibidil nua maidir le córais bhia inbhuanaithe (SFS)** bunaithe ar an taithí mhaith a fuarthas mar gheall ar na forálacha comhair a bunaíodh in FTAnna roimhe seo. Is ionann an chaibidil seo, áfach, agus athrú tábhachtach ar pharaidím an chomhair idir na comhpháirtithe, athrú ó chur chuige logánta go dtí cur chuige iomlánaíoch, lena gcuimsítear an slabhra bia ina iomláine agus lena ndírítear ar an aistriú go dtí córais bhia inbhuanaithe. Agus an cuspóir sin i gceist leis, áirítear i gcaibidil SFS forálacha i dtaca le dul i gcomhar ag gach aon chéim den slabhra bia ó tháirgeadh go dtí caitheamh an bhia sin chun go laghdófar cur amú bia agus dramhaíl bhia; i dtaca leis an gcomhrac in aghaidh calaois bhia; agus i dtaca le dul i gcomhar ar fhóraitm iltaobhacha agus in eolaíocht an bhia sna réimsí leasa ainmhithe, i dtaca leis an gcomhrac in aghaidh frithsheasmhachta in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha agus i dtaca le laghdú ar úsáid leasachán agus lotnaidicídí ceimiceacha. Leanfaidh an Coimisiún de chaibidil a mholadh maidir le córais bhia inbhuanaithe i gcomhaontuithe trádála de chuid an Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo. Tá caibidil SFS comhaontaithe cheana leis an tSile, agus tá sí faoi chaibidilíocht leis an Astráil, an Indinéis agus an Nua- Shéalainn.

Is féidir freisin, laistigh de FTAnna, **coinníollacha a leagan síos chun go mbeidh na fabhair tharaife** i gcomhréir le caighdeáin áirithe, agus beidh an méid sin faoi réir ghlacadh na gcoinníollacha sin ag na comhpháirtithe eile, ar ndóigh. Níor cuireadh an cur chuige sin i bhfeidhm ach uair amháin go nuige seo, áfach – in FTA le Mercosur, lena deonaíodh léirscaoileadh taraife le haghaidh uibheacha sa bhlaosc faoi réir comhlíontacht chaighdeáin ábhartha an Aontais Eorpaigh um leasa ainmhithe i dtaca le béaróga.

Tá **Comhaontuithe Saorthrádála Doimhne Cuimsitheacha** atá níos uailmhianaí tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach freisin leis an tSeoirsia, leis an Mholdóiv agus leis an Úcráin. Áirítear ar na comhaontuithe sin roinnt gealltanais go ndéanfar reachtaíocht na dtíortha sin a chomhfhogasú le dlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear reachtaíocht maidir le leas ainmhithe. Dá thoradh sin, agus an reachtaíocht sin curtha chun feidhme, beidh táirgí a allmhairítear ó na tíortha sin comhlíontach le rialacha an Aontais Eorpaigh.

Ina theannta sin, tá comhaontuithe dá dtagraítear **Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais** tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach, diaidh ar ndiaidh, le gach ceann de chomhpháirtithe na mBalcán Thiar: an Albáin (2009), an Mhacadóin Thuaidh (2004), Montainéagró (2010), an tSeirbia (2013), an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin (2015) agus an Chosaiv⁶⁹ (2016). Mar sin, is ionann na comhaontuithe sin agus an ionstraim dlí le haghaidh

⁶⁹ Tá an t- ainmniú seo gan dochar do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé i gcomhréir le UNSCR 1244 agus tuairim CBI maidir le Dearbhú Neamhspleáchais na Cosaive.

comhréireacht le corpas dlí an Aontais Eorpaigh agus le haghaidh comhtháthú comhleanúnach isteach i margadh an Aontais.

Thairis sin, áirítear sa **Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe** forálacha ceangailteacha sonracha lena n- áirithítear cothrom na Féinne le gealltanais le haghaidh neamh- chúilcheimniú maidir leis na leibhéil chosanta i réimsí éagsúla, lena n- áirítear maidir le bainistíocht an tionchair a bhíonn ag talmhaíocht nó tairgeadh bia ar an gcomhshaol, go háirithe trí úsáid antaibheathach agus ábhar dí- éillithe.

Eisceacht eile a cheadaítear maidir leis an rial Násiúin Barrfhabhair (MFN) is ea rochtain speisialta ar an margadh a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha. Seachas Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP) chaighdeánach trína mbaintear cuid de na dleachtanna custaim a ghearrtar ar bhreis agus dhá thrian de na línte taraife le haghaidh tíortha ísealioncaim agus íseal- mheánioncaim nó trína mbaintear na dleachtanna sin ina n- iomláine, tairgeann an tAontas Eorpach **Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife Móide (GSP+)** freisin, rud a laghdaíonn na taraifí céanna go náid le haghaidh na dtíortha ísealioncaim agus íseal- mheánioncaim sin a chuireann na 27 gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta chun feidhme a bhaineann le cearta an duine, cosaint an chomhshaoil agus dea- rialachas. I mí Mheán Fómhair 2021 ghlac an Coimisiún an togra reachtach le haghaidh GSP nua don tréimhse 2024-2034. Leis an togra sin cuirtear síneadh leis na liostaí de choinbhinsiúin idirnáisiúnta nach mór a chomhlíonadh trí, *inter alia*, Chomhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide a chur leo.

Mar fhocal scoir, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag difreáil idir táirgí allmhairithe freisin bunaithe ar chritéir inbhuanaitheachta i gcás nach ann d'aon fhabhar trádála – is é sin, nuair a dhéantar an trádáil ar bhonn an náisiúin barrfhabhair (MFN). Maidir le trádáil neamh- fhabhrach, cuireann an tAontas Eorpach taraifí i bhfeidhm i gcomhréir le sceideal na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) dá chuid. I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghinearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT), Babhta Uragua (agus caibidlíochta eile), thug an tAontas Eorpach gealltanais i dtaca le roinnt **Rátaí Taraife- Cuóta)** de chuid EDS, lena gceadaítear méideanna ar leith a allmhairiú faoi tharaif níos ísle. Uaireanta baineann **coinníollacha** le húsáid na dtaraif- chuótaí sin. Is eiseamláir iad taraif-chuótaí EDS a bhaineann le feoil bó ar ardcháilíocht (dá ngairtear 'cuóta Hilton')⁷⁰, a bhfuil rochtain ag tíortha éagsúla orthu, ach a bhfuil ceanglas ar chuid díobh na hainmhithe a chothú ar fhéar amháin.

Comhaontuithe um aitheantas frithpháirteach

Féadfaidh an tAontas Eorpach dul isteach i **gcomhaontuithe sonracha le tríú tíortha** freisin. Tá feirmeoireacht orgánach ar cheann de na heiseamláirí dá leithéid atá ann cheana. Faoin rialachán nua le haghaidh ábhair orgánacha⁷¹, is féidir tairge a allmhairiú lena dhíol san Aontas Eorpach mar tháirge orgánach má chomhlíonann sé rialacha táirgthe agus rialaithe na tíre nach Ballstát de chuid Aontais í, rialacha a aithnítear faoi chomhaontú déthaobhach saorsheasaimh nó faoi shocrú riaracháin atá coibhéiseach leo siúd atá san Aontas; nó má

⁷⁰ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 593/2013 ón gCoimisiún an 21 Meitheamh 2013 lena n- osclaítear riar na gcuótaí taraife agus lena bhforáiltear dó sin le haghaidh mairteoil úr, fhuaraithe agus reoite ar ardcháilíocht agus le haghaidh feoil buabhaill reoite, IO L 170, 22.6.2013, lch. 32.

⁷¹ Rialachán (AE) 2018/848 an 30 Bealtaine 2018 maidir le tairgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha, IO L 150, 14.6.2018, lch. 1.

ghabhann deimhniú leis a d'eisigh na húdaráis ábhartha rialaithe nó na comhlachtaí rialaithe i dtíortha nach Ballstát de chuid an Aontais iad, deimhniú a ndearbhaítear leis go gcomhlíonann an táirge caighdeán an Aontais.

4.3. Bearta Uathrialacha an Aontais Eorpaigh

Mar a mheabhraítear san Athbhreithniú ar an mBeartas Trádála – beartas atá oscailte, inbhuanaithe agus treallúsach, i roinnt cásanna, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta uathrialacha a dhéanamh a bhaineann leis an gcomhshaoil⁷² nó le gnéithe eiteiciúla de na modhanna próiseála agus táirgthe a bhaineann le táirgí allmhairithe. Léirítear i mbearta den sórt sin freisin éilimh na dtomhaltóirí Eorpacha atá ag éirí níos eolaí de réir a chéile ar ghnéithe comhshaoil, sláinte, sóisialta agus eiteiciúla den táirgeadh bia agus a bhfuil fonn orthu an chumhacht a bheith acu chun bia a roghnú a táirgeadh ar bhonn inbhuanaithe⁷³. Is féidir treochtaí den chineál céanna a thabhairt faoi deara freisin in áiteanna eile ar domhan ina dtéann córais náisiúnta rialála i muinín rialacháin PPManna a mbíonn feidhm acu maidir le táirgí allmhairithe.

Mar gheall ar mhéid mhargadh an Aontais Eorpaigh agus na méideanna allmhairithe de thráchtearraí áirithe a thugtar isteach san Aontas, ar bhonn domhanda d'fhéadfadh tionchar nach beag a bheith ag roinnt de cheanglais an Aontais le haghaidh táirgeoirí ar an gcoigríoch dul i mbun modhanna táirgthe atá níos inbhuanaithe⁷⁴.

Cé gur féidir gur dúshlán le haghaidh roinnt oibreoirí i ngnó an bhia i dtírú tíortha é comhlíonadh na gcaighdeán de chuid an Aontais Eorpaigh lena rialaítear allmhairí agraibhia, tugtar luaíocht dóibh trí rochtain a thabhairt dóibh ar mhargadh oscailte ina bhfuil breis agus 400 milliún tomhaltóir, agus foireann de bhearta lena n-éascaítear trádáil mar aon leis an luaíocht a bhaineann leis na praghsanna níos airde a íocann tomhaltóirí an Aontais i gcomparáid leo siúd i margaí eile. Ina theannta sin, agus an tAontas ina thagarmharc domhanda ó thaobh caighdeán sábháilteachta bia de, más comhlíontach na hoibreoirí sin faigheann siad rochtain ar mhargaí eile freisin ar mhínic a mbaineann luach níos airde leo. Ar na cúiseanna sin, cé gur féidir go gceapfaí go bhfuil rialacha an Aontais dian, baineann treocht mhéadaitheach le honnmhairithe chuig an Aontas i gcónaí.

Chomh maith leis na bearta maidir le leas ainmhithe atá i bhfeidhm cheana, (féach Roinn 2.2), tá ullmhúcháin ar siúl faoi láthair ar leibhéal an Aontais ar roinnt gníomhartha dlí nó tograí reachtacha a bhfuil sé d'aidhm leo srian a chur ar leibhéil mhodhanna táirgthe a bhaineann le leas ainmhithe nó le cosaint an chomhshaoil.

⁷² Tá sé ráite sa Chomhaontú Glas don Eoraip 'nach gceadaítear bia allmhairithe ar mhargaí an Aontais Eorpaigh nach gcomhlíonann caighdeán chomhshaoil ábhartha de chuid an Aontais'.

⁷³ *Special Eurobarometer 505*. [Making our food fit for the future – Citizens' expectations](#) [Baraiméadracha Speisialta 505. Ár gcuid bia a chur in oiriúint don todhchaí – A bhfuil na saoránaigh ag súil leis]. Deireadh Fómhair 2020.

⁷⁴ Nuair a bhreathnaítear ar an dífhoraioisiú, mar shampla, rud atá corpraithe (mar sheachtracht) i dtomhaltas deiridh foriomlán (i dtáirge, in earra, i dtráchtearra nó i seirbhís atá táirgthe, trádáilte nó caite), ríomhtar i roinnt samhlacha gurb ionann tomhaltas san Aontas Eorpach agus thart ar 10 % den sciar domhanda (CE (2019)). *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the Economic and Social Committee and the Committee of the Regions: Stepping up EU Action to Protect and Restore the World's Forests* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Dlús a Chur le Gníomhaíocht an Aontais Eorpaigh chun Foraioisí an Domhain a Chosaint agus a Athbhunú]. COM(2019)352 final).

Ar an gcéad dul síos, mhol an Coimisiún rialachán maidir le **táirgí nach mbíonn dífhoraaisiú dá dtoradh**⁷⁵, atá bunaithe ar chóras rialacha éigeantacha an díchill chuí. Tá sé d’aidhm leis an togra cosc a chur ar dhífhoraaisiú agus díghrádú foraoise a bhaineann le táirgí agus tráchtearraí a chuirtear ar mhargadh an Aontais Eorpaigh, amhail soighe, eallach, ola phailme, cócó, caifé agus adhmaid. Is é is cuspóir leis sin íoslághdú a dhéanamh ar thomhaltas táirgí a thagann ó shlabhraí soláthair atá bainteach leis an dífhoraaisiú nó leis an díghrádú foraoise – agus méadú a dhéanamh ar éileamh an Aontais ar thráchtearraí agus ar tháirgí atá dlíthiúil agus ‘nach mbíonn dífhoraaisiú dá dtoradh’ agus ar thrádáil iontu sin. Tugtar aghaidh sa togra ar dhífhoraaisiú agus díghrádú foraoise atá dlíthiúil agus neamhdhlíthiúil araon ar de thoradh tháirgeadh na dtráchtearraí sin iad. Beidh oibreoirí agus údarais in ann táirgí nó tráchtearraí a fhiosrú le seiceáil nach mbíonn dífhoraaisiú dá dtoradh, trí chomhordanáidí geosuímh agus faireachán cianda a úsáid trí íomhánna satailíte. Tá comhpháirtíochtaí agus comhar idirnáisiúnta éifeachtúil le tíortha is táirgeoirí agus tíortha is tomhaltóirí, agus i bhfóraim dhéthaobhacha agus iltaobhacha, bunúsach maidir le cur chun cinn an aistriú chuig táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe agus bainistíochta inbhuanaithe ar fhoraaisí agus maidir le caighdeán agus sainmhínte láidre domhanda a shainithint agus a chomhaontú chomh maith.

I mí Feabhra 2022 ghlac an Coimisiún togra le haghaidh treoir freisin maidir le **dícheall cuí in inbhuanaitheacht chorparáideach**⁷⁶. Is é is cuspóir leis an treoir sin iompraíocht chorparáideach atá inbhuanaithe agus freagrach a chothú agus dualgas ginearálta a fhorchur ar na cuideachtaí móra (tá FBManna eisiata ó raon feidhme chur i bhfeidhm an togra) le go dtabharfaidh siad aghaidh ina gcuid oibríochtaí agus ina rialachas corparáideach ar thionchair dhíobhálacha ar chearta an duine agus ar an geomhshaoil. Cumhdaítear a gcuid slabhraí luacha lasmuigh den Aontas Eorpach sa dualgas sin freisin. Dhéanfaí na rialacha maidir le dícheall cuí in inbhuanaitheacht chorparáideach a fhorfheidhmiú trí bhearta riaracháin ar a n-áirítear smachtbhannaí agus orduithe comhlíontachta, agus trí dhlíteanas sibhialta chomh maith a dtiocfadh cúiteamh as le haghaidh damáistí a bheadh mar thoradh ar mhainneachtain i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí atá sa togra.

Thairis sin, tá sé fógartha i Straitéis F2F ‘go gcuirfeadh gnéithe comhshaoil san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar iarratais ar **lamháiltais ar allmhairiúcháin le haghaidh lotnaidicídí** nach bhfuil ceadaithe a thuilleadh san Aontas Eorpach, agus caighdeán agus oibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála á n-urramú san am céanna’⁷⁷.

Is éard is lamháiltais allmhairiúcháin ann uasleibhéil d’iarmhair lotnaidicídí (MRLanna) atá bunaithe ar úsáidí atá údaraithe lasmuigh den Aontas Eorpach⁷⁸. Féadfar a áireamh orthu sin MRLanna a leagan síos le haghaidh substaintí nach n-údaraithe a thuilleadh san Aontas (ar chúiseanna seachas cúiseanna sláinte poiblí), MRLanna a d’fhéadfadh a bheith de dhíth toisc go mbíonn cúinsí táirgthe agus brú ó lotnaidicídí le sárú ag táirgeoirí i dtríú tíortha, cúinsí

⁷⁵ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraaisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010 (COM(2021)706 final), <https://ec.europa.eu/environment/forests/deforestation-proposal.htm>.

⁷⁶ https://ec.europa.eu/info/publications/proposal-directive-corporate-sustainable-due-diligence-and-annex_en

⁷⁷ Féach nóta 20, lch. 18.

⁷⁸ Airt. 3(2)(g) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d’iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

agus brú nach ionann iad agus iad siúd a bhíonn san Aontas. D'fhéadfadh úsáidí a bheith éagsúil maidir leis an tsubstaint chéanna ar an mbarr céanna. D'fhéadfadh lamháltais allmhairiúcháin a bheith bainteach freisin le barra nach bhfástar san Aontas (e.g. torthaí nó glasraí andúchasacha agus caifé, cócó nó tae), agus dá bhrí sin ní chuirtear aon MRL ar bun atá bunaithe ar úsáidí san Aontas.

Go nuige seo, níor díriodh ach ar chleachtais mhaithe talmhaíochta agus ar chosaint thomhaltóirí an Aontais nuair a leagadh síos MRLanna le haghaidh lotnaidicídí agus bhí lamháltais allmhairiúcháin san áireamh. Beidh feidhm fós ag an gceanglas sin. Ina theannta sin, áfach, i gcomhréir leis na gealltanais i Straitéis F2F, breathnófar ar ghnéithe comhshaoil freisin i bpróiseas leagan síos MRLanna, lena n- áirítear lamháltais allmhairiúcháin.

Thairis sin, mar a fógraíodh i Straitéis F2F, tá an Coimisiún ag ullmhú **athbhreithniú ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le leas ainmhithe**, agus tá tograí reachtacha beartaithe a bheith aige le haghaidh dheireadh 2023. Mar a luaitear i bhfreagra an Choimisiúin don tionscnamh 'Cuir clabhsúr ar ré na gcaighean' de chuid shaoránaigh na hEorpa⁷⁹, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún go n- áireofar forálacha sna tograí reachtacha sin chun clabhsúr a chur, de réir a chéile, ar úsáid caighean, stalláí agus cróite le haghaidh muca feirme, béaróga, laonna, coiníní, puiléid, sicíní grísce le haghaidh pórú, tógálaithe béaróg, lachain, géanna agus gearga agus chun toirmeasc críochnaitheach a chur ar an úsáid sin.

Maidir le táirgí allmhairithe, breithneoidh an Coimisiún, mar cheann de na roghanna, ar rialacha a thabhairt isteach lena gceanglófar go bhfuarthas táirgí allmhairithe faoi choinníollacha atá coibhéiseach le rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le leas ainmhithe, nó coibhéiseach le cuid díobh, agus/nó ceanglas lipéadaithe a thabhairt isteach freisin le haghaidh táirgí allmhairithe (lena ndírítear ar na cúinsí tithíochta nó lena gcumhdaítear tuilleadh critéar a bhaineann le leas ainmhithe), i gcomhréir le rialacha EDS.

Breithneoidh an Coimisiún freisin roghanna lena bhfeabhsófar **lipéadú leasa ainmhithe** chun go gcabhrófar le luach a tharchur tríd an slabhra bia agus mar fhreagra don spéis mhéadaithe atá ag tomhaltóirí i ndálaí feirmeoireachta ainmhithe. Faoi láthair, seachas an caighdeán éigeantach a luaitear thuas i dtaca le huibheacha boird, is ar bhonn saorálach a dhéantar aon mhaíomh eile i dtaca le leas ainmhithe agus den chuid is mó ní bhíonn sé comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais⁸⁰, agus dá thoradh sin is minic a bhíonn sé deacair ar thomhaltóirí maíomh ar lipéid éagsúla bia a thuiscint. I mí an Mheithimh 2021 thíolaic foghrúpa atá faoi Ardán an Aontais Eorpaigh maidir le Leas Ainmhithe conclúidí i dtaca le lipéadú leasa ainmhithe⁸¹. D'fhoilsigh an Coimisiún staidéar seachtrach i mí Aibreáin 2022 lena bailíodh sonraí maidir leis na lipéid leasa ainmhithe atá ann cheana agus maidir le dearthaí agus ionchais tomhaltóirí⁸² agus tá measúnú tionchair á dhéanamh aige féachaint arbh fhéidir reachtaíocht maidir le lipéadú leasa ainmhithe a bheith san Aontas Eorpach.

⁷⁹ https://europa.eu/citizens-initiative/initiatives/details/2018/000004_en

⁸⁰ Is iad na caighdeáin mhargaíochta le haghaidh éanlaithe a bhfuil tagairtí iontu do chineálacha feirmeoireachta (Rialachán Uimh. 543/2008 ón gCoimisiún an 16 Meitheamh 2008 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle maidir leis na caighdeáin mhargaíochta le haghaidh feoil éanlaithe clóis, (IO L 157, 17.6.2008, lch. 46) agus rialacha an Aontais i dtaca le feirmeoireacht orgánach lena gceanglaítear ardchaighdeán de leas ainmhithe na caighdeáin shaorálacha amháin agus na rialacha amháin atá comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

⁸¹ https://ec.europa.eu/food/system/files/2021-06/aw_platform_plat-conc_awl-subgroup-conclusion.pdf

⁸² <https://data.europa.eu/doi/10.2875/676603>

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí aonair thuasluaite chun leanúnachas beartas agus inbhuanaitheacht príomhshrutha sna beartais uile a bhaineann le bia a áirithiú go hiomlán, tá sé beartaithe i Straitéis F2F go nglacfaidh an Coimisiún an togra suaitheanta dá chuid a leanas a ghlacadh faoi dheireadh 2023: **creat dlí cothrománach le haghaidh córas bia inbhuanaithe**, mar scáth le haghaidh na sainmhínte comónta agus na bprionsabal ginearálta agus na gceanglas lena rialaítear inbhuanaitheacht na mbianna a tháirgtear san Aontas nó a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus le haghaidh oibríochtaí gaolmhara bia. Bheadh sé mar chuspóir le hidirghabháil den sórt sin ar leibhéal an Aontais na fothaí nua a bhunú le haghaidh na mbeartas bia a bheidh ann amach anseo trí chuspóirí agus prionsabail inbhuanaitheachta a thabhairt isteach ar bhonn cur chuige córais bia chomhtháite.

Beidh **an creat um lipéadú inbhuanaitheachta** mar chuid den reachtaíocht chreata le haghaidh córas bia inbhuanaithe. Leis an gcreat um lipéadú inbhuanaitheachta rialófar foráil faisnéise do thomhaltóirí maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta táirgí bia i dtaobh na ngnéithe cothaithe, aeráide, comhshaoil agus sóisialta a bhaineann leo. D'fhéadfadh an méid sin a bheith ina ghné thábhachtach de Straitéis F2F sa chaoi is go n- athrófaí pátrúin táirgthe trí thomhaltóirí a chumhachtú chun roghanna eolasacha agus inbhuanaithe a dhéanamh i dtaobh bia.

Mar fhocal scoir, tá an cód saorálach **‘Cód Iompraíochta maidir le Gnó Bia Freagrach agus Cleachtais Mhargaíochta Fhreagracha’**⁸³ ina chuid dhílis den chosán atá á leanúint ag an Aontas Eorpach chun córais bhia inbhuanaithe a réadú. Tá foireann de sheacht gcuspóir dréime sa chód a mbaineann cuspóirí agus gníomhaíochtaí táscacha ar leith le gach ceann díobh. Maidir le gnólachtaí atá gníomhach laistigh den Aontas agus lasmuigh de araon, tá feidhm ag na gealltanais i bprionsabal maidir leis na díolacháin/na gníomhaíochtaí laistigh den Aontas, lena n- áirítear maidir leis na tionchair a bhaineann lena slabhraí soláthair i dtríú tíortha (a bhaineann leis na díolacháin/na gníomhaíochtaí sin). Féadfaidh cuideachtaí gealltanais a chur chun tosaigh a bhfuil feidhm acu maidir lena ndíolacháin/ngníomhaíochtaí domhanda ina n- iomláine (agus na slabhraí luacha gaolmhara), rud a dhéanann an chuid is mó de na cuideachtaí ilnáisiúnta. Tháinig an Cód i bhfeidhm i mí Iúil 2021 agus tá breis agus 100 síniú curtha leis um an tráth seo.

5. BARÚLACHA DEIRIDH

Tá comhthoil leathan ann sa lá atá inniu ann maidir leis an ngá atá leis an aistriú chuig córais bhia atá inbhuanaithe agus athléimneach. Tá ról tábhachtach i stiúradh an aistrithe dhomhanda sin ag an Aontas Eorpach, a bhfuil Comhaontú Glas uailmhianach aige agus atá ina ghníomhaí domhanda ar na margaí agraibhia. Mar gheall ar ghéarchéim COVID- 19 agus ionradh na Rúise ar an Úcráin nochtadh an leochaileacht sna córais talmhaíochta agus bhia nach mór aghaidh a thabhairt uirthi tríd an athrú chuig córas bia AE atá inbhuanaithe agus athléimneach a ghéarú.

Ní ar mhaithe leis féin atá caighdeáin uailmhianacha sláinte agus chomhshaoil ná caighdeáin agus cuspóirí inbhuanaitheachta eile ina ndíol spéise ag an Aontas Eorpach. Rannchuidítear leo le cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach maidir le hábhair inní dhomhanda, i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin freisin.

⁸³ https://ec.europa.eu/food/horizontal-topics/farm-fork-strategy/sustainable-food-processing/code-conduct_en

Éilítear gníomhaíochtaí domhanda le haghaidh ábhair inní dhomhanda. Nuair is ceannródaí thú bíonn dúshlán agus rioscaí áirithe os do chomhair amach. Rinneadh anailís sa Tuarascáil ar thrí phríomhréimse chomhlántacha den ghníomhaíocht a dhéanann an tAontas Eorpach chun caighdeán sláinte agus chomhshaoil a fheabhsú agus a chur chun cinn.

Leanfaidh an tAontas dá chuid iarrachtaí ar an **leibhéal iltaobhach** chun tacaíocht a fháil agus – go hidéalach – comhthoil dhomhanda a bhaint amach maidir leis an ngá atá le gníomhaíocht agus le caighdeán a bheidh comhaontaithe ar bhonn idirnáisiúnta. Cé go bhfuil leibhéal ard rannpháirtíochta agus ceannaireachta léirithe ag an Aontas agus a chuid Ballstát i gcuid mhaith de na fóraim sin cheana, beidh dian- saothrú, comhordú níos fearr agus sineirgí chun caighdeán inbhuanaitheachta sláinte, chomhshaoil agus eile a ardú mar chuspóir tábhachtach agus fadtéarmach acu.

Le **comhaontuithe trádála agus comhar déthaobhach** soláthraítear deiseanna chun déanamh amhlaidh leis na tíortha comhpháirtíochta. Tá dul chun cinn déanta ag an Aontas Eorpach sa réimse sin cheana de bharr an chláir oibre uailmhianaigh dá chuid. Le breis agus deich mbliana anuas, tá caibidil TSD agus forálacha maidir le comhar agus leas ainmhithe agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha (AMR) san áireamh sna comhaontuithe trádála. Beartaítear leis na comhaontuithe atá á n- idirbheartú faoi láthair go mbeidh caibidil iontu maidir le Córais Bhia Inbhuanaithe agus beidh caibidil den sórt sin á moladh ag an Aontas in aon comhaontuithe a bheidh ann amach anseo.

Leanfaidh an tAontas de chomhleanúnachas a chlár oibre inbhuanaitheachta leis na beartais mhéadaithe chomharsanachta agus forbartha dá chuid a áirithiú. Tá sé i gceist leis sin freisin go ndéanfar breithniú ar thionchair na trádála ar thríú tíortha. D'fhéadfadh bearta tacaíochta, lena n- áirítear cistiúchán, comhar teicniúil agus fothú acmhainneachta a bheith tábhachtach chun cúnaimh a thabhairt do chomhpháirtithe trádála agus iad rannpháirteach i gcleachtais níos inbhuanaithe, go háirithe le haghaidh na dtíortha agus na gcomhpháirtithe comharsanacha is leochailí a ghabhann gealltanais uailmhianacha de láimh sna réimsí sin.

Mar a thaispeántar sa mheasúnú thuasluaite, tá an tAontas in ann bearta a dhéanamh **ar bhonn uathrialaitheach** freisin nuair is gá aghaidh a thabhairt ar ábhair inní chomhshaoil dhomhanda nó ar shaincheisteanna a bhaineann le leas ainmhithe. Ní mór cur i bhfeidhm rialacháin PPM maidir le táirgí allmhairithe sna réimsí sin a dhéanamh agus gealltanais EDT agus gealltanais idirnáisiúnta eile á n- urramú ina n- iomláine. Roinnt beart a dhéanann an tAontas ar bhonn uathrialaitheach chun gnéithe domhanda comhshaoil nó eiticiúla de tháirgí onnmhairithe a rialú, fiú má chomhlíonann siad rialacha EDT ina n- iomláine, d'fhéadfadh siad a bheith ina gcánamh spairne ag baill de EDT agus is féidir dúshlán a chur rompu i gcónaí faoin gcóras réitigh díospóidí de chuid EDT. Bearta a chinntear a bheith neamhdhleathach nó cosantaíoch agus neamhréireach leis an gcuid eile d'oibleagáidí agus cearta idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh, d'fhéadfaidís an tAontas a nochtadh maidir le riosca frithbhirt.

Ar na cúiseanna sin go léir, is gá measúnú de réir an cháis a dhéanamh ar chomhoiriúnacht tograí rialála le cúrsaí EDT. Cé go bhfuil sé indéanta, ó thaobh beartais de ar ndóigh, cur i bhfeidhm ceanglais sláinte agus chomhshaoil (lena n- áirítear ceanglais i dtaca le leas ainmhithe) a shaothrú ar bhealach atá comhoiriúnach le EDT i gcás modhanna próiseála agus táirgthe a bhaineann le táirgí allmhairithe, ní mór anailís chúramach a dhéanamh ar gach cás ar a thuillteanas féin.

Chomh maith le ceist na comhréireachta le EDT, is gá freisin, agus anailís á déanamh de réir an cháis ar bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann, indéantacht theicniúil agus eacnamaíoch na sásraí rialaithe a chur san áireamh. Ós rud é gurb iad na modhanna próiseála agus táirgthe sa tríú tír a bhíonn á rialáil, ní mór measúnú a dhéanamh, ó thaobh na gcostas agus na sochar a bhainfeadh leis sin, ar indéantacht agus comhréireacht bealaí a bheadh leordhóthanach chun cur chun feidhme na modhanna sin a rialú agus a fhorfheidhmiú. Bheadh sé inmhianaithe béim bhreise a leagan ar an ngné sin.

Mar chonclúid, is ann do dheis chun caighdeáin táirgthe an Aontais Eorpaigh a leathnú chun táirgí allmhairithe a chumhdach, ar choinníoll go n-urramófaí rialacha ábhartha EDT ina n-iomláine agus sin á dhéanamh. Sa Tuarascáil seo, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar indéantacht dhlíthiúil agus theicniúil an mhéid sin, agus míniú a thabhairt ar na srianta a bhfuil feidhm acu, cuirtear raon leathan de réimsí in iúl freisin a bhfuil an tAontas Eorpach tar éis a chaighdeáin táirgthe intíre a leathnú maidir leo, ar bhonn dlisteanach, chun táirgí allmhairithe a chumhdach, bíodh sin trí ionstraimí iltaobhacha, déthaobhacha nó uathrialaitheacha. Taispeántar sa Tuarascáil go mbíonn sé ríthábhachtach i gcónaí measúnú a dhéanamh de réir an cháis sula gcuirtear caighdeáin táirgthe i bhfeidhm ar allmhairí.

Creideann an Coimisiún gur chomhlíon sé an sainordú theicniúil a thug an Chomhairle agus an Pharlaimint dó a meabhraíodh sa chéad mhír den Tuarascáil seo. Iarrann an Coimisiún ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an toradh agus an treoraíocht a leagtar amach sa Tuarascáil seo a mheas go cúramach agus iad a chur san áireamh san idirphlé a dhéanfaidh siad amach anseo.